www.dceb.ie

Dublin City Enterprise Board

Tuarascáil Bhliantúil

2008

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013

Co-Funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

INFHEISTIÚ Á DHÉANAMH DUIT SA TODHCHAÍ

Faigheann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath maoiniú ó Rialtas na hÉireann agus páirtmhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013. Uimhir Chláraithe Cuideachta:230609

Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teo. ar cheann den 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach sa Stát.

Déantar obair an Bhoird i gceithre phríomhréimse straitéiseach:

1. Cruthú Cultúr Fiontraíochta. Baintear é seo amach trí chláir feasachta fiontraíochta; obair i scoileanna agus i gcoláistí; cúrsaí giniúna smaointí gnó; tacaíocht d'fhiontraíocht ar an leibhéal áitiúil agus cur chun cinn gheilleagair an eolais i gCathair Bhaile Átha Cliath.
2. Tacaíocht do ghnólachtaí nua-thionscanta. Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil trí chúrsaí ar thosú do ghnólachta féin; soláthar comhairle agus eolais, cúnamh ó mheántóirí agus cruthú spás oibre fiontraíochta
3. Tacaíocht do ghnólachtaí reatha agus borracha Baineann na gnólachtaí seo leas as cúnamh na meántóirí; oiliúint bhainistíochta, cláir speisialaithe agus earnála; líonrú, TechCheck; tacaíocht onnmhairithe agus díolachán.
4. Tacaíocht Airgeadais. Ar na tacaíochtaí airgeadais atá againn, tá deontais féidearthachta; deontais chaipitil; deontais fostaíochta; deontais onnmhairithe; deontais le haghaidh forbairt suíomhanna gréasáin; infheistíocht scaireanna tosaíochta; scéim síolchaipitil/forbartha gnó; deontais ais-iníoctha agus treorú i dtreo cúnamh airgeadais féideartha.

Cuimsíonn an straitéis seo fís nua le haghaidh na micrea-fhiontar i mBaile Átha Cliath agus cruthú timpeallacht fiontraíochta, áit:

- a soláthróidh BFCBÁC tacaíocht inrochtana agus oiriúnacha ar bhealach nuálaíoch
- Tá cultúr láidir fiontraíochta ann i mBaile Átha Cliath
- Tá flúirse smaointí gnó nuálaíocha ann
- Tá soláthar imleor de spás oibre inacmhainne ann i mBaile Átha Cliath
- Tá gnólachtaí tiomanta a bheith ag fás



An Limistéar faoi ar a bhfriothálann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath

CLÁR NA nÁBHAR

Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath
Tuarascáil Bhliantúil 2008

Roinn	Mír	Lch.
Réamhrá	**Athbhreithniú ar 2008**	**5**
	Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	5
	Achoimre Fheidhmeach	6
	Cairt Chustaiméirí	10
	Riarachán agus Struchtúr an Bhoird	11
Roinn 1	**Cultúr Fiontraíochta a Chur Chun Cinn**	**12**
	1.1. Pointe Amháin Teagmhála agus Oifigí	12
	1.2. Clár Fiontraíochta do Scoileanna	15
	1.3. Tionscnaimh do Choláistí Tríú Leibhéal	17
	1.4. Gradaim Fiontar	18
	1.5. Taispeántais, na Meáin agus Caidreamh Poiblí	23
Roinn 2	**Ag Tacú le Gnólachtaí Nua-thionscanta**	**27**
	2.1. Meántóireacht – Tacaíocht Réamhfhiontraíochta	27
	2.2. Smaointe Gnó á nGiniúint	28
	2.3. Forbairt Táirgí Nua	28
	2.4. Cúrsaí i dtaobh do Ghnó Féin a Thosú	28
	2.5. Link! Gréasáin do Ghnólachtaí Nua-thionscanta	29
Roinn 3	**Tacaíocht le Cúrsaí Gnó a fhorbairt**	**30**
	3.1. Cláir Oiliúna	30
	3.2. Cúrsaí Oiliúna, Modúil agus Ceardlanna	31
	3.3. Ócáidí Comhchéime	33
	3.4. TechCheck	34
	3.5. Fiontraíocht na mBan á Spreagadh agus ag Tacú léi	34
	3.6. Líonra Plato i mBaile Átha Cliath	36
Roinn 4	**Cúnamh Airgeadais**	**37**
	4.1 Dáileadh Deontas	37

ACHOIMRE AR NA TÁBLAÍ

Tábla	**Mír**	**Lch.**
Tábla 1.	COMHALTAÍ BOIRD	11
Tábla 2.	SCEIDEAL NA GCAINTEANNA LEABHARLAINNE	14
Tábla 3.	BUAITEOIRÍ GHRADAIM FIONTAR MAC LÉINN CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH	16
Tábla 4.	ÓCÁIDÍ LÍONRA LINK! 2008	29
Tábla 5.	ACHOIMRE AR OILIÚINT 2008	31
Tábla 6.	TUAIRISC GHRÉASÁN FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH DO MHNÁ 2008	34
Tábla 7.	ACHOIMRE OILIÚNA LÍONRA PLATO I MBAILE ÁTHA CLIATH 2008	36
Tábla 8.	ACHOIMRE AR NA DEONTAIS A CEADAÍODH LE HAGHAIDH 2008	37
Tábla 9.	ACHOIMRE AR NA DEONTAIS AGUS AR NA HIASACHTAÍ A CHEADAIGH BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH I RITH 2008	37
Tábla 10.	ACHOIMRE AR DHEONTAIS DO SHUÍOMHANNA GRÉASÁIN A CEADAÍODH I 2008	39
Tábla 11.	ACHOIMRE AR DHEONTAIS ONNMHAIRITHE A CEADAÍODH I RITH 2008	40

ATHBHREITHNIÚ AR 2008
Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Is áthas linn an t-athbhreithniú seo ar 2008 a chur faoi bhur mbráid, ar son Stiúrthóirí Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teo.

Ba é an príomhghné na bliana a bhí faoi athbhreithniú ná laghdú tapa gan choinne an gheilleagair ina chúlú. Níl rabhthas ag súil le géire an laghdaithe, ina raibh ag cliseadh ar ghnólachtaí agus méadú an-mhór ar dhífhostaíocht. Bhí gá le smaointeoireacht úr mar thoradh ar na cúinsí eacnamaíocha ina rabhamar, chomh maith le tionscnaimh nua atá le feiceáil i bPlean Gnó Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2009, rud a ullmhaíodh sa dara cuid de 2008. Tá cruthú agus coinneáil post ina dtosaíochtaí i bPlean Gnó 2009. Pleanáladh ionstraimí tacaíochta airgeadais nua agus beartaíodh caidreamh níos struchtúrtha le hinstitiúidí airgeadais. Bealaí nuálaíocha chun acmhainní ár bpainéal meántóirí a úsáid le tacú lenár gcliaint scaireanna tosaíochta; Is tréith de chuid Phlean Gnó 2009 chomh maith iad go gcuirtear cúnamh ar fáil le haghaidh comhlachtaí faoi strus agus go gcuirtear comhairle ar chliaint féideartha comhlachtaí nua-thionscanta i gcomhlachtaí laghdaithe méide. Cuireadh grúpa meántóirí le chéile chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar sholáthar ár seirbhís mheántóireachta agus ar na bealaí a d'fhéadfaí é a fheabhsú.

Rinneadh athchóiriú ar na cúrsaí oiliúna a chuireann an Bord ar fáil, le haghaidh an chúlaithe eacnamaíoch. Díreoidh seimineáir mhíosúla, a bheidh ar siúl inár n-oifigí, ar phríomhfhadhbanna an ghnó in am an chruacháis. Ar na hábhair a bheidh á bplé, beidh Bainistiú Sreabhadh Airgid; Smaointí Nua Gnó, agus bealaí chun Díolacháin a Mhéadú ar bheagán costais.

Bhí sé le sonrú ar phiocúlacht ár gcúrsaí oiliúna agus inár seirbhís mheántóireachta gur lean cultúr fiontraíochta Bhaile Átha Cliath de bheith ag fás go mór i rith 2008, in ainneoin an cháis eacnamaíoch. Ghlac 884 duine páirt inár gcúrsaí oiliúna, modúil agus seimineáir i rith 2008. Fuarthas 274 iarratas ar mheántóireacht, ar thoradh maith é maidir leis an mbliain a bhí i gceist.

Ba thionscnamh ard-rathúil de chuid an Bhoird é Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, ócáid a bhí ar siúl ó 17ú. 22ú. Samhain 2008. Fuaireamar tacaíocht mhór ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ó ghníomhaireachtaí tacaíochta gnó, ó na bainc, ó choláistí agus ó pháirtithe leasmhara eile chun fiontraíocht a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath. Ócáidí éagsúla a cuireadh i láthair, a chuir ar chumas na rannpháirtithe:

- Eolas agus comhairle a fháil saor in aisce
- Taithí a roinnt agus bualadh le teagmhálaithe nua
- Foghlaim ó fhiontraithe rathúla
- Líonrú a dhéanamh le gnólachtaí nua agus seanbhunaithe
- Díospóireacht a dhéanamh faoi na ceisteanna dúshlánacha atá roimh Fhiontraithe agus roimh Ghnólachtaí Beaga

Bhí an Lá Tacaíochta Fiontraíochta mar phríomhócáid na seachtaine. Bhí sé eagraithe ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus bhí sé ar siúl i Halla na Cathrach, Dé Céadaoin, an 19ú lá de Shamhain, agus bhí 521 duine páirteach ann. Ar na buaicphointí a bhí ann i rith an lae, bhí clinicí meántóireachta saor in aisce, taispeántas 27 gníomhaireacht tacaíochta fiontraíochta, fóram fiontraíochta a bhí éascaithe ag John Bowman, chomh maith le hócáidí ard-phróifíle eile.

Bá é an maoiniú iomlán Státchiste a cuireadh ar fáil don Bhord le haghaidh Riaracháin, Beart 1 agus Beart 2, ná €1,652,406. Cheadaigh an Bord 68 deontas ar luach iomlán €1,024,422, a bhfuil €474,000 (or 46.3%) de in-aisíoctha le 64 tionscadal agus chabhraigh sé le 146 post nua a chruthú. Fuair an Bord aisíocaíocht chomh maith ó chliaint Scaireanna Tosaíochta agus Cúnaimh In-aisíoctha ar luach €492,505 i rith na bliana.

Ba mhaith linn an tacaíocht láidir a fuaireamar i rith 2008 ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ó CCU, ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ón Aontas Eorpach a aithint.

Táimid buíoch as an tacaíocht a fuaireamar ón mBord, ó bhaill an Choiste Measúnaithe agus ónár meántóirí. Tá buíochas ar leith tuillte ag ár bhfoireann as a n-éifeachtúlacht agus a dtiomantas.

Pádraig Ó Loinsigh.

Patrick Lynch, An Cathaoirleach

Greg Swift, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Forbhreathnú

Bhí maoiniú €1,652,406 againn le haghaidh 2008. Ach d'éirigh linn ioncam breise €216,585 a fháil ó dhíol ár gcláir oiliúna. Cheadaigh Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath 68 deontas le haghaidh 64 tionscadal i rith 2008, rud a chabhraigh le 146 post a chruthú.

Méid iomlán an chúnaimh airgeadais a ceadaíodh ba ea €1,024,422. As an méid sin, tá €474,000 (or 46.3%) inaisíoctha. Bhí luach €492,505 ar na haisíocaíochtaí ó chliaint scaireanna Tosaíochta.

Laghdaíodh Maoiniú Forbartha Fiontraíochta agus Acmhainne an Bhoird (Beart 2 - Tacaíochtaí Boga) i rith na tréimhse:

2007 €786,277
2008 €660,551

Idirghabháil Roghnaíoch Airgeadais (Beart 1 – Deontais agus Cúnamh Airgeadais) seachas cúnamh in-aisíoctha:

2007 €574,677
2008 €474,677

Laghdaíodh buiséad riaracháin an Bhoird i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

2007 €534,162
2008 €517,178

Agus na hacmhainní seo ag an mBord, bhí sé in ann réimse cosúil seirbhísí a chur ar fáil le haghaidh fhiontraithe agus mhicreaghnólachtaí na cathrach, mar a rinneadh le blianta beaga anuas.

Sa bhliain 2008, leanadh den chaidreamh atá againn le gníomhaireachtaí agus le grúpaí tacaíochta gnó eile, chun forbairt a dhéanamh chun leas an gheilleagair i gcoitinne i mBaile Átha Cliath.

1. CULTÚR FIONTRAÍOCHTA A CHUR CHUN CINN

- Fuarthas thart ar 5,000 fiosrúchán maidir le tacaíocht ghnó le haghaidh gnólachtaí nua-thionscanta agus micrea-ghnólachtaí. Ina measc seo, bhí cuairteanna ar ár n-oifigí, chomh maith le fiosrúcháin ghutháin agus ríomhphoist. Cé go raibh líon i bhfad ní b'airde i gceist ná mar a bhí i mblianta roimhe seo, chuimsigh an modh ríofa gach cineál teagmhála seachtraí le haghaidh 2008.
- Tá ár bpríomhshuíomh gréasáin, www.dceb.ie, ina acmhainn thábhachtach go fóill. Deir móramh na ndaoine a chuireann iarratas isteach chuig an mBord chun cúnamh meántóireachta a fháil, gur fhoghlaim siad faoi sheirbhísí an Bhoird tríd an suíomh gréasáin.
- Mar thacaíocht leis an suíomh gréasáin, d'fhoilsíomar dhá eagrán dár nuachtlitir, *Dublin City Enterprise.* Eisítear an nuachtlitir leis an iris *Totally Dublin* freisin. Tá dáileadh ard an 50,000 cóip dírithe ar an aoisghrúpa 20 go dtí 45 bliain d'aois, arb ionann é agus an chuid is mó dár spriocmhargadh. Leanamar d'fhoilsiú ár ríomh-irise, rud a eisíodh 23 uair i rith 2008.
- Cainteanna Leabharlainne: Agus iad á reáchtáil i gcomhar le Leabharlanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an Ionad ILAC, d'fhreastail iomlán 148 duine ar an dá shraith cainteanna.
- Clár Fiontar do Scoileanna. Leanann Clár Fiontraíochta na Scoileanna de bheith ag dul ó neart go neart. Ar an iomlán, bhí 22 meánscoil agus 1,641 dalta páirteach sna gradaim fiontraíochta i rith 2008.
- Clár Fiontar 'Dul i nGleic' do Scoileanna. Is é atá i gceist leis an gclár seo ná oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí agus tionscadail do mhic léinn (LCVP agus LCP), chomh maith le cur i láthair a dhéanann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath do scoileanna. Bhí tríocha dó scoil páirteach ann. Rinne ionadaí an Bhoird 87 cuairt ar na scoileanna agus ar 65 ócáid cuireadh tacaíocht do na daltaí agus do na múinteoirí ar fáil agus tugadh cúnamh do bhreis agus 2,300 mac léinn.
- Gradaim Fhiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath: Ba iad buaiteoirí Gradam Denis Colleran 2008 ná Nicky agus Dominic Morrogh, úinéirí VizRez. Soláthraíonn an comhlacht córais idirlín do chur in áirithint agus seirbhísí margaíochta ar líne don earnáil turasóireachta agus fáilteachais. Cruthaíonn a gcórais fíor-ama do chur in áirithint, atá saor ó choimisiún, na milliún de dhíolacháin bhliantúla dá gcliaint agus cinntíonn a seirbhísí margaíochta ar líne go bhfanann na cliaint i lár an aonaigh ó thaobh dáileadh idirlín.
- Gradam Fhiontraí Ban Cathrach Bhaile Átha Cliath: Ba í Mary Ryan ó Product Innovator buaiteoir an ghradaim seo. Soláthraíonn a comhlacht réitigh do chomhlachtaí teicneolaíochta a bhíonn ag iarraidh feidhmeanna bainistíochta táirgí a thabhairt isteach ina ngnólachtaí, gan an priacal ná an costas a bhainfeadh le hearcú foirne sinsearaí lánaimseartha.
- Bronnadh Gradam na Réalta Éirithí le haghaidh 2008 ar Alison Bell ó Spa-Ireland**.** Is ionad ilfhreastail é Spa-ireland.com chun spánna a chur in áirithint in Éirinn. Seoladh an ghnólacht ag deireadh 2007.
- Ba é Joseph Haugh ó GuarReg Ltd./ Productful.com buaiteoir Ghradam an Táirge nó na Seirbhíse Nua is Fearr. Is suíomh gréasáin é ProductFul.com do chlárú táirgí ar líne, a éascaíonn bainistíocht éasca ar chlárú táirgí agus ráthaíochtaí, rianú fad éaga ráthaíochta agus áis chun cóip d'admháil a bheidh ceangailte den táirge cláraithe ar shuíomh an chomhlachta a uaslódáil nó a stóráil.
- Ba é David Burke ó Freight Wise a bhuaigh Gradam Líonra LINK! le haghaidh 2008**.** Is seirbhís seolta lasta é Freight Wise atá dírithe ar chustaiméirí, a thairgeann cuimsiú domhanda ó dhubh go dubh.
- Seachtainí Faisin Motorola 2008 i mBaile Átha Cliath: Bhí bailiúcháin an Fhómhair/Gheimhridh ar taispeáint in Óstan an Radisson, ó 25 go 27 Feabhra. D'fhéach breis is 250 ceannaitheoir, stílí agus duine preasa ar lipéid de chuid 27 dearthóir. Taifeadadh díolacháin de thart ar €1.5 milliún. Bhí bailiúcháin an Earraigh/tSamhraidh ar taispeáint in Ostán Fitzwilliam, ó 25 go dtí 27 Lúnasa. Chaith breis is 300 ceannaitheoir, stílí agus ball preasa súil ar lipéid de chuid 25

dearthóir agus bhí díolacháin €2 mhilliún i gceist. Chabhraigh na hócáidí faisin seo go mór le roinnt cliant-chomhlachtaí de chuid BFCBÁC, trí nochtadh do agus teagmháil leis an tionscal.

- Bhí trí chliant de chuid BFCBÁC páirteach sa Chomhsheó Dearthóirí i bhFoirgneamh chq, IFSC ar 27Feabhra, le tacaíocht ó BFCBÁC. Bhí an seó seo ar oscailt don phobal agus do na meáin chumarsáide. Bhí 350 duine i láthair. Thug Eibhlin Curley, POF Cúnta, agus John Fennell atá ina mheántóir, caint chomh maith ar Thosú do Ghnólachta Féin.
- Tharla Gradaim agus Comhsheó Dearthóirí MDFW i bhFoirgneamh chq, IFSC, ar 27 Lúnasa agus bhí an dearthóir de chuid BFCBÁC, Jennifer Rothwell, i láthair ann. Thug Eibhlin Curley agus John Fennell caint faoi gCaoi le do Lipéad Faisin a Onnmhairiú.
- SIOPA 2008: D'urraigh BFCBÁC seastán ag an taispeántas seo ag an RDS i Meán Fómhair, in éineacht le 20 Bord Fiontar Contae agus Cathrach eile. Bhí caoga cliant a bhí urraithe ag BFCBÁC páirteach ann, ar mhéadú 4 é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí cúigear den lucht taispeána ina gcliaint de chuid BFCBÁC
- Chuir fiontraithe cáiliúla agus rathúla an tsraith léachtaí 3ú leibhéal darb ainm 'Bí Spreagtha' i láthair agus d'fhreastail 399 duine uirthi.
- D'óstáil an Bord Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath i Samhain le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a raibh an Lá Tacaíochta Fostaíochta mar phríomhócáid ann i Halla na Cathrach. Chuir an lá seo deis ar fáil do na céadta duine a bhfuil suim acu a ngnólacht féin a bhunú, bualadh le baill phainéal na meántóirí agus éisteacht go pearsanta le taithí fiontraithe rathúla. Reáchtáladh iomlán 37 ócáid i rith na seachtaine agus d'fhreastail thart ar 5,000 duine de mhuintir an phobail orthu.
- An Bus Fiontraíochta. Chuir an Bus Fiontraíochta deiseanna iomadúla ar fáil d'úinéirí gnólachtaí agus do dhaoine atá ag smaoineamh ar ghnólacht a bhunú, chuir sé deis ar fáil dóibh leas a bhaint as comhairle ghnó, meantóirí agus as teacht ar mhaoiniú, nuair a tugadh ar cuairt é go háiteanna éagsúla ar fud na cathrach ó 25 to 29Feabhra.Ba thionscnamh é an Bus Fiontraíochta de chuid na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, i gcomhar le Baincéireacht Ghnó Bhanc na hÉireann.
- Lean BFCBÁC dá rannpháirtíocht i gclár ionad goir NENSI/an AE, rud ar cuireadh clábhsúr air i rith na bliana.

Ar an iomlán, bhí breis is 11,000 duine páirteach i ngníomhaíochtaí an Bhoird i rith 2008. Bhí 1,496 duine i láthair ag na gníomhaíochtaí a bhain le Tacaíocht do Ghnólachtaí Nua-Thionscanta; 1,597 i láthair ag tacaíocht do Ghnólachtaí ag Forbairt; Ag Taispeántais agus Aontaí Trádála bhí 957 i láthair, 2,300 i láthair ag Clár na Scoileanna agus 5,000 duine i láthair ag Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath.

2. TACAÍOCHT DO GHNÓLACHTAÍ NUA-THIONSCANTA

- Tacaíocht réamhfhiontraíochta agus meántóireachta: Fuarthas 274 iarratas ar thacaíocht meántóireachta. Sannadh meántóirí do 197 iarratasóir.
- Ceardlanna Ginte Smaointí Gnó: Reáchtáladh sé cheardlann agus bhí 92 duine páirteach iontu
- Forbairt Táirgí Nua: Reáchtáladh dhá cheardlann agus d'fhreastail 25 duine orthu.
- Tosaigh Do Ghnólacht Féin: Iomlán 13 chúrsa ar Thosú do Ghnólachta Féin, a raibh dhá cheann ann le haghaidh na mban, agus d'fhreastail 216 duine orthu. D'fhreastail tríocha duine ar chúrsaí na mban.
- Link! D'fhás an líonra nua seo d'fhir agus do mhná sa chéad chéim de bhunú a ghnólachta go láidir i rith 2008, arbh í an dara bliain a raibh sé ann. Tháinig méadú ar an mballraíocht ó 54 ag deireadh 2007 go breis is 80 faoi dheireadh 2008. D'fhreastail iomlán 417 duine ar 11 ócáid.

3. TACAÍOCHT DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ AG FORBAIRT

- Amhail na blianta roimhe seo, bhí oiliúint ghairmiúil ar chostas íseal ina príomhchuid den fhoireann tacaíochtaí a soláthraíodh do ghnólachtaí atá ag fás. Chomh maith leis sin, sholáthair Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath:
  - Deiseanna Líonraithe d'úinéirí/bainisteoirí
  - Deiseanna le teagmhálaithe gnó a fháil
  - Deiseanna leis na dúshláin agus na réitigh a phlé
  - Noid agus teicnící praiticiúla

- D'éirigh go hiontach le clár cuidithe FÁS agus bhí an t-aiseolas ó na rannpháirtithe dearfach agus spreagúil. Bhí 884 duine i láthair ag an gclár Forbartha Bainistíochta agus Oiliúna, a raibh 496 bean agus 338 fear ag freastal air. Rinneadh iomlán 929 áirithint ar líne. Bhí 8 gceardlann, 24 cúrsa agus 21 modúl i gceist leis an gclár oiliúna, a raibh iomlán 53 ócáid i gceist leis.
- Forbairt Bainistíochta: D'fhreastail 32 duine ar dhá chúrsa.
- Bainistíocht Airgeadais: D'fhreastail 22 duine ar dhá chúrsa
- Díolachán & Margaíocht: Reáchtáladh cúrsa amháin, ar fhreastail trí dhuine dhéag air.
- Forbairt Suímh Ghréasáin: Bhí dhá chúrsa ann ar fhreastail 33 duine orthu.
- Déan do Ghnó a fhorbairt: Bhí an cúrsa seo ar siúl uair amháin agus d'fhreastail seachtar air.
- Cúrsa Oiliúna Nua: Cúrsa nua a tugadh isteach i rith 2008 ná:
  Suíomh Gréasáin Beag Gnó a Bheith Agat: Reáchtáladh 4 chúrsa agus d'fhreastail 27 duine orthu
  Margaíocht agus Uasmhéadú do Dhíolachán i rith Cúlú: D'fhreastail 45 duine ar dhá chúrsa
- Modúil Oiliúna: Reáchtáladh aon mhodúl leathlae is fiche ar réimse leathan d'ábhair ghnó. Bhí iomlán 418 duine páirteach iontu
- TechCheck Fuair an Bord 35 cur in áirithint le haghaidh TechChecks i rith 2008
- Gréasán na mBan i gCúrsaí Gnó: D'fhás ballraíocht ghníomhach an Líonra Fiontraíochta do Mhná i mBaile Átha Cliath ó 100 go dtí 120 duine, i rith 2008. Bhuail lucht an ghréasáin le chéile 11 uair i rith na bliana agus bhí 405 rannpháirtí san iomlán i láthair.
- An Clár BRITE: Tá an clár seo, atá á reáchtáil i gcomhar leis na Boird Fiontar Contae agus Cathrach eile agus FÁS, tá sé le haghaidh micrea-ghnólachtaí san earnáil TFC, trí oiliúint agus trí mheántóireacht. Seoladh modúil oiliúna Chlár 1 ar 19 SamhainSoláthraíodh na modúil oiliúna seo i rith 2008.
- An Clár Plato: Ghlac 235 cliant san iomlán páirt sa chlár líonraithe agus oiliúna ardbhainistíochta seo.

4. CÚNAMH AIRGEADAIS

- Poist nua: Cruthaíodh 146 post nua mar thoradh ar chúnamh ó Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Tionscadail Nua: Tacaíodh le 64 tionscadal nua.
- Cúnamh Airgeadais: Ceadaíodh Cúnamh Airgeadais €1,024,422. As an bhfigiúr sin, beidh €474,000 de ais-iníoctha. Is éard a bhí san fhigiúr seo ná 11 Dheontas Caipitil ar luach €523,000; 27 Deontas Fostaíochta ar luach €222,500; 23 Deontas Féidearthachta ar luach €88,922 agus 3
- Infheistíochtaí Scaireanna Tosaíochta €190,000.
- Bhí luach iomlán €724,930 ar dheontais Bheart 1, ar dheontais in-aisíoctha agus ar infheistíocht scaireanna tosaíochta.
- Forbairt Onnmhairithe agus Suíomhanna Gréasáin: Ceadaíodh Deontais Onnmhairithe ar luach €54,423 le haghaidh 20 tionscadal. Ceadaíodh Deontais

Forbartha do Shuíomhanna Gréasáin Tráchtála ar luach €72,472 le haghaidh 38 iarratasóir.

- Scaireanna Tosaíochta: Bhí scaireanna tosaíochta ag BFCBÁC i 29 cuideachta ar luach €1,156,971 ag deireadh 2008. D'infheistigh an Bord €190,000 i dtrí chomhlacht i rith 2008.

Cairt Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath dá gCustaiméirí

An cuspóir atá ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith seirbhísí do chustaiméirí, ná na dualgais atá bronnta ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta air a chomhlíonadh (An tAcht um Fhorbairt Tionscail 1995) i mbealach éifeachtach agus gairmiúil ar an gcostas is ísle don phobal agus a gceart le haghaidh seirbhíse prasa agus cúirtéisí á aithint i gcónaí.

Tá Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi rialú "Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí", ina gcinntítear go bhfuil seirbhís den scoth á soláthar do na custaiméirí agus don phobal i gcoitinne, go mbíonn cinntí á ndéanamh go cothrom gan aon chlaonadh, go gcomhlíonann foireann an Bhoird Fiontar Cathrach an caighdeán is airde d'eitic ghnó agus nach ndéanfaidh gníomhaíocht ar bith den Bhord Fiontar Cathrach creideamh an phobail a lagú in iontaofacht an Bhoird Fiontar Cathrach.

Baineann an cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, baill an Choiste Athbhreithnithe agus fostaithe an Bhoird. Agus iad ag déileáil le BFCBÁC, cinnteoidh an fhoireann go n-éascaítear eolas iomlán faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí go léir.

Cúirtéis agus Cúntacht: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis na nithe seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- go gcaithfeadh an fhoireann leo go cúirtéiseach agus go cabhrach an t-am go léir,
- go dtabharfar ainm an bhaill foirne dóibh a bhfuil siad ag déileáil leo;
- go ndíreofar iad chuig an mball foirne cuí atá ag déileáil lena bhfiosrúchán.

Faisnéis: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- go dtabharfar an fhaisnéis iomlán agus chruinn dóibh maidir le fiosrúchán ar bith a thagann aníos.

Éifeachtacht: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- go ndéileálfar le fiosrúcháin cliaint i mbealach mear agus éifeachtach, agus an riachtanas atá ann á aithint ag an am céanna leis an gcostas is ísle a d'fhéadfaí a thabhú a bheith ann.

Príobháideachas agus Rúndacht: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil leis seo a leanas agus iad i dteagmháil agus ag déileáil leis an mBord Fiontar Cathrach:

- go ndéileálfar leis an bhfaisnéis phearsanta agus ghnó a thugann siad go hiomlán faoi rún.

Cúiteamh: Is féidir leis na cliaint a bheith ag súil go ndéileálfar le gearán dlisteanach ar bith go mear agus tuisceanach agus de réir Chúram Client an Bhoird agus na Nósanna Imeachta um Ghearáin agus iad i dteagmháil agus ag déileáil le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá na nósanna imeacht seo gan aon chlaontacht i dtreo ghnáthchearta an duine aonair i gcúrsaí dlí ná córais athbhreithnithe neamhspleácha a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm.

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird

Bord Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Teoranta.

I measc an 14 Bhall de Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá ionadaithe ó na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear na hearnálacha gnó, deonach, pobail agus ionadaíoch (féach Tábla 1). Dearbhaíonn an Bord an polasaí mar atá sé leagtha amach ina phlean gníomhaíochta straitéiseach.

Is iad na hathruithe a bhí ar an mBord i rith 2008 ná gur éirigh an t-ionadaí Boird Cathal Muckian, Stiúrthóir, Baincéireacht Ghnó, Banc na hÉireann as a phost agus gur comhthoghadh David O'Halloran, Stiúrthóir de chuid Coyle Hamilton Ltd agus ó Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath ina áit; Bhí Gerry McMahon ann in ionad Kevin Kavanagh mar Ionadaí Fhiontraíocht Éireann.

Agus luacháil á déanamh ar na hiarratais le haghaidh cúnaimh, tá coiste luachála le 5 ball atá ionadaíoch don ghnó áitiúil agus don údarás áitiúil, a chuidíonn leis an mBord. Tá foireann tiomanta d'fheidhmeannaigh ag an mBord a chuireann na cinntí a dhéanann an Bord i bhfeidhm.

Tábla 1. COMHALTAÍ BOIRD

AINM	Teideal	Eagraíocht
Patrick Lynch	Cathaoirleach DCEB	Ionadaí IBEC
Bronwen Maher	Comhairleoir	An Comhaontas Glas, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Cathal Muckian	Stiúrthóir, Baincéireacht Ghnó	Banc na hÉireann,
David Orford	Bainisteoir Forbartha Gnó	Comhpháirtíocht Fhionnghlaise/na Cabraí
Denise Brophy	Cuntasóir	Dublinia
Des Bonass	Feidhmeannach	Ceardchumainn Chomhairle Bhaile Átha Cliath
Frank Walsh	Bainisteoir	Seirbhísí don Tionscal FÁS
Gerry Breen	Comhairleoir	Fine Gael, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Gerry McMahon	Forbairt Réigiúnach	Fiontraíocht Éireann
Julia Carmichael	Comhairleoir	Fianna Fáil, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Killian Ford	Comhairleoir	Sinn Féin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Michael Stubbs	Bainisteoir Cúnta na Cathrach	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Suzanne Costello	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Samaritans (Éire)
Tom Flanagan	Feidhmeannach Tráchtála	DIT

FOIREANN AN BHOIRD
Is iad seo a leanas foireann Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath le linn le linn 2008:
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:Greg Swift
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta: Eibhlin Curley
Comhairleoir Gnó: Liam Barry
Riarthóir: Aisling Doyle
Fáiltiú/Riarthóir: Mainard Gallagher

ROINN 1

1. Cultúr Fiontraíochta a Chur Chun Cinn

Dul chun cinn in ainneoin an chúlaithe
Ba chomhartha é den chultúr fiontraíochta atá ag daingniú sa Phríomhchathair go raibh éileamh ard ar sheirbhísí an Bhoird i rith 2008, in ainneoin an chúlaithe ghéar. Bhí éileamh mór ann go fóill ar mheántóireacht, oiliúint agus ar chúnamh airgeadais. Tharla sé dhá uair gur ghá glacadh na gcliant isteach sa chlár meántóireachta a chur ar fionraí, ionas go bhféadfaí déileáil le riaráiste iarratas.

Lean an Bord de chomhlíonadh a shainchúraim chun cultúr fiontraíochta a chur chun cinn, le tionscnaimh amhail Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, An Bus Fiontraíochta, Clár na Scoileanna, tionscnaimh tríú leibhéal, Cainteanna Leabharlainne, ceardlanna ar Ghiniúint Smaointí Gnó agus feachtais eolais.

1.1 Aon Phointe Teagmhála Amháin
D'éirigh go geal leis an athrú suímh chuig 5ú hUrlár Theach Dhroichead Uí Chonaill, rud a tharla i bhFeabhra 2007. Taitníonn an suíomh agus na hoifigí sainoiriúnaithe go mór lenár gcliaint, ár bhfoireann agus lenár meántóirí araon.

Bhí sé mar thoradh ar an suíomh feabhsaithe sin gur tháinig méadú mór ar chliaint fhéideartha agus ar mhuintir den phobal a thug cuairt ar an oifig. Meastar gurbh ionann líon na bhfiosrúchán, a raibh cuairteanna pearsanta ar ár n-oifig, glaochanna gutháin, facsanna agus ríomhphoist san áireamh, agus beagnach 5,000. Cé gur méadú suntasach é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, athraíodh an modh ríofa chun gach cineál teagmhála a chur san áireamh. Neartaigh sé seo staid Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath go mór mar phointe aitheanta aonair teagmhála le haghaidh gnólachtaí nua-thionscanta agus micrea-ghnólachtaí a bhíonn ag lorg cúnaimh i mBaile Átha Cliath. I ngach cás nach mór, bhí an DCEB in ann faisnéis úsáideach a chur ar fáil don duine i mbun an fhiosrúcháin, nó é a threorú chuig an ngníomhaireacht nó eagraíocht chuí.

Is iad seo a leanas liosta na n-eagraíochtaí a ndearnamar a threorú chucu: Fiontraíocht Éireann, Boird Fiontar Contae agus Cathrach eile, IDA, FÁS, DBIC, DIT, An Bord Bia, Coláiste na Tríonóide, UCD, DCU, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Na Coimisinéirí Ioncaim, An Oifig Chláraithe Cuideachtaí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath, SFA, ISME, Leabharlann Ghnó Ilac, PLATO, ionaid fiontraíochta agus comhpháirtíochtaí ceantair, First Step, Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, Turasóireacht Bhaile Átha Cliath, Coiste Cúram Leanaí Bhaile Átha Cliath, oiliúnóirí, meántóirí agus cliaint.

1.1.2. Eiseamláirí Fiontraíochta

Agus cultúr fiontraíochta á chur chun cinn againn, tá sé tábhachtach go mbeadh fiontraithe dréimeacha agus daoine atá páirteach i gcúrsaí gnó cheana féin spreagtha ag rath daoine eile. Is minic go gcabhraítear linn creideamh gur féidir linn féin a leithéid a dhéanamh, nuair a fheicimid rath daoine eile. Cruthaíodh gradaim BFCBÁC mar sin, chun gnóthachtáil a aithint agus urraim a thabhairt di go poiblí agus daoine eile a spreagadh chun sampla na mbuaiteoirí a leanúint mar thoradh air sin.

Ar na gradaim a bhronnann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi láthair, tá

- Gradam Denis Colleran le haghaidh an fhiontraí is fearr i mbliana
- Gradam Fhiontraí Mná na Bliana i mBaile Átha Cliath
- Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn agus ár rannpháirtíocht sna Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta
- Gradam na Réalta Éirithí don fhiontraí nua is fearr
- Gradam Líonra *LINK!*
- Trófaí Buan Precious Diamond

Tugadh Gradam Líonra *LINK!* agus Trófaí Buan Precious Diamond isteach sa bhliain 2008.

1.1.3. Suíomhanna Gréasáin BFCBÁC

Tá príomhshuíomh gréasáin BFCBÁC, www.dceb.ie , ina acmhainn sár-luachmhar go fóill, áit a bhfuil bunachar sonraí an-mhór d'eolas agus áit ar féidir le cliaint iarratais a sheoladh isteach ar líne, clárú le líonraí, cúrsaí oiliúna leabhar agus íoc go leictreonach. Ar bhealach áirithe, is é an leas is mó a bhaineann leis ná go ligeann sé d'fhoireann bheag BFCBÁC díriú ar réimsí eile d'ualach mór oibre an Bhoird.

Is díol suime é go ndeimhníonn an chuid is mó iarratasóirí cúnaimh anois gur fhoghlaim siad faoi sheirbhísí Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath den chéad uair ar ár suíomh gréasáin.

Is acmhainn luachmhar é suíomh gréasáin na scoileanna ag www.sea.dceb.ie/student, le haghaidh riar Chlár na Scoileanna agus is foinse eolais phríomha é le haghaidh na scoileanna, na múinteoirí agus na mac léinn.

Gné amháin den suíomh gréasáin do scoileanna ná an cluiche nua gnó, rud a cuireadh leis i rith na bliana. Cuireann an cluiche gnó, rud a bhí seolta ag BFCBÁC, ag BFCanna eile, ag Microsoft agus ag Ulster Bank, cuireann sé ar chumas na ndaltaí meánscoile ról a ghlacadh agus iad ag reáchtáil gnólachta. Tugtar businessgame.ie air agus cabhraíonn na bogearraí seo leis na daltaí a siopa spóirt féin le haghaidh CLG a reáchtáil, agus cinntí á ndéanamh acu ar ordú stoic, earcú, airgeadas, ar mhargaíocht agus ar oiliúint foirne srl.

1.1.4 Nuachtlitir, Ríomh-iris agus Iris Self Made

Foilsíodh an nuachtlitir ceithre leathanach *Dublin City Enterprise* i rith an Earraigh agus an tSamhraidh agus dáileadh é ar chruthaitheoirí tuairimí, ar pháirtithe leasmhara i gcur chun cinn na fiontraíochta agus ar chliaint. Dáileadh é chomh maith in éineacht le hiris *Totally Dublin* , a mbíonn 50,000 cóip de á ndáileadh. Bhí cás-staidéar ann in *Totally Dublin* chomh maith ar an gcaoi a d'fhorbair cliant de chuid BFCBÁC a g(h)nólacht agus faoin gcaoi ar chabhraigh an Bord leo a leithéid a dhéanamh.

Dáileadh 23 Ríomh-Nuachtlitir ar 6,000 síntiúsóir, nach mór, i rith 2008. Faightear aiseolas an-mhaith i leith na Ríomh-nuachtlitreach, ina bhfuil meascán de nuacht faoi sheirbhísí BFCBÁC, chomh maith le hailt ghinearálta ghnó agus noid. Cabhraíonn sí le méadú a dhéanamh ar chur in áirithint chúrsaí oiliúna BFCBÁC ar líne agus ar rannpháirtíocht líonraí. Is uirlis éifeachtach ilchumarsáide é, a choinníonn cliaint BFCBÁC agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi nuacht fiontraíochta sa chathair.

D'eisigh Bord Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath dhá eagrán d'iris nua darb ainm 'Self-Made', i gcomhar le foilsitheoireacht HKM. Ba bheag an costas a bhí ar an mBord mar gheall ar an

tionscnamh seo. Dáiltear 10,000 cóip saor in aisce. Cothaítear an irisleabhar trí fhógraíocht a bhíonn eagraithe ag HKM. Bhí nóta fáilte ó Patrick Lynch, Cathaoirleach BFCBÁC, mar chuid den chéad eagrán. Tá staidéar ann ar chásanna áirithe a bhaineann le cliaint de chuid BFCBÁC, chomh maith le hailt a gcuirfeadh fiontraithe spéis iontu.

1.1.5. Sraith Léachtaí 'Get Started'

Chuir Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath cainteanna ar siúl a bhí saor in aisce maidir le 'Tosú Gnólachta', i gcomhar le Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Ealaíon Bhaile Átha Cliath.

Tá na cainteanna leabharlainne maidir le 'Tosú Gnólachta' ar siúl anois le breis is 10 mbliana sa Leabharlann Lárnach san Ionad Ilac. Bhí an-rath orthu agus líonadh gach uile spás iontu an t-am go léir. Bhí cuid mhaith den rath seo ag brath ar an bhfoireann sa leabharlann, a chuireann na cainteanna chun cinn agus a ghlacann leis an gcur in áirithint.

Tá 6 léacht sa tsraith, a thugtar san Earrach agus san Fhómhar, agus cuimsítear ábhair a bhaineann le bunú gnólachta in Éirinn. Mar sin, tá siad oiriúnach agus tá tóir orthu, go háirithe toisc go bhfuil an cur i láthair neamhfhoirmeálta. Is pointe tosaithe an-mhaith iad le haghaidh daoine ar bith ar mian leo a ngnólacht féin a bhunú. Tharla sé go raibh an-tóir ar na léachtaí i measc na mionlach eitneach. Is cinnte gur chruthaigh na léachtaí go leor gnó do Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas agus cuid mhaith de na rannpháirtithe ag clárú mar chliaint leis an mBord. Ar na 'alumni' cáiliúla de chuid na sraithe léachtaí darb ainm ‘Get Started’ atá ann, tá Brody Sweeney ó O’Brien’s Sandwich Bars; Ben Peat ó Peat’s Electronics agus Dave Phelan, Boru Vodka.

Bhí na léachtaí á dtabhairt ag Ron Immink, Brian O’Kane agus Yanky Fachler i rith 2008. Tá Ron Immink mar údar in éineacht le Brian O’Kane, Stiúrthóir Bainistíochta Oak Tree Press, ar na leabhair oibre chaighdeánacha, *Look Before You Leap, Starting Your Own Business* agus *Growing Your Own Business*. Is údar é Yanky Facher ar na leabhair sárdhíola ar an bhfiontraíocht, darb ainm *Fire in the Belly* agus *My Family Don’t Understand Me*.

Bhí freastal maith ar an dá shraith léachtaí agus iomlán 148 duine páirteach iontu.

Tábla 2. SCEIDEAL NA GCAINTEANNA LEABHARLAINNE, EARRACH AGUS FÓMHAR 2008

#	Teideal	CAINTEOIR	EARRACH 08	FÓMHAR 08
1	**Ar chóir dom nó nár chóir dom mo ghnólacht féin a thosú?**	Yanky Fachler	Déadaoin, Aibreán 3	Déardaoin 23 Deireadh Fómhair
2	**Taighde margaidh agus margaíocht – ar bheagán costais.**	Yanky Fachler	Déardaoin, 10 Aibreán	Déardaoin 30 Deireadh Fómhair
3	**ríomh-mhargaíocht**	Ron Immink	Déardaoin 17 Aibreán	Déardaoin 6 Samhain
4	**Pitseáil, Cur i Láthair agus Líonrú**	Yanky Fachler	Déardaoin 24 Aibreán	Déardaoin 13 Samhain
5	**Airgeadas don ghnólacht nua-thionscanta bheag**	Ron Immink	Déardaoin 1 Bealtaine	Déardaoin 20 Samhain
6	**Do phlean gnó – ceardlann achoimre**	Ron Immink	Dé Sathairn 108 Bealtaine	Dé Sathairn 29 Samhain

1.2. Clár Fiontar do Scoileanna

1.2.1 Buaicphointí an Chláir Fiontair do Scoileanna

Glacadh le cuid mhaith tacaíochtaí ar an Dara Leibhéal i Scoileanna Bhaile Átha Cliath i rith na bliana airgeadais ó Eanáir go Nollaig 2008. Tá cuma an-mhaith air seo, ós rud é go bhfuil go leor iomaíochta ann i leith gníomhaíochtaí fiontraíochta sna scoileanna.

Bhí an fócas dírithe arís ar sholáthar tacaíochta do Ghradaim Fiontraíochta na nDaltaí, inar cuimsíodh ceardlanna maidir le Giniúint Smaointí, Margaíocht, Airgeadas agus Scríobh Tuairiscí. Chuir siad seo samplaí nuashonraithe ar fáil, a threisíonn an teachtaireacht atá á cur in iúl mar chuid den churaclam Fiontraíochta. Socraíodh iad le tacú le daltaí forbartha fiontraíochta atá ag obair i dtreo Ghradaim Fiontraíochta na nDaltaí

Mic léinn ag úsáid na gceardlann seo: Iomlán: 1,641:
1,279 Bean. 362 Fear
Coir Phoist a Seoladh i rith na Bliana ó Eanáir 08 go Nollaig

Is ábhar díomá é líon na mac léinn fireann a ghlac páirt. Tá fianaise ann go mbíonn gníomhaíochtaí spóirt ina mbac ar am agus ar thiomantas na ndaltaí fireanna.

Tugadh tuilleadh meántóirí isteach le haghaidh na scoilbhliana nua i Meán Fómhair, chun an clár a sholáthar. Chuir sé seo roinnt samplaí éagsúla d'eispéireas leis an scéal agus thaitin sé leis na daltaí agus leis na múinteoirí araon.

Bhí ardú suntasach ar chaighdeán na n-iontrálacha i gCraobh Ceannais Bhaile Átha Cliath i rith 2008. Aithníodh go raibh sé seo mar thoradh ar na ceardlanna nua a chuir smaointí nua chun cinn i measc na na ndaltaí agus na múinteoirí.

1. 2. 2. Gradaim Fiontraíochta na nDaltaí

Bhí Páirc an Chrócaigh mar ionad Ghradaim Fiontraíochta na nDaltaí arís agus bhí 120 dalta páirteach i gCraobh Ceannais Bhaile Átha Cliath. Bhí caighdeán na n-iontrálacha go han-mhaith ar fad. Ceapadh ionadaithe múinteoirí, iriseoirí agus daoine gnó ar na painéil bhreithiúnachta chun a mbainteacht agus a mbarántúlacht a mhéadú.

Thug Brody Sweeney óráid den chéad scoth ag Searmanas na nGradam agus chaith sé am le gach uile iarrthóir, rud a thug spreagadh mór do na daltaí, nár bhuail le fiontraí rathúil go pearsanta riamh.

Rinne buaiteoirí an chéad ghradaim ionadaíocht ar son Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath ag Craobhacha Ceannais Ghradaim Náisiúnta Fiontraíochta na nDaltaí i dTulach Mhór, áit ar bhuaigh ceann d'iontrálacha BFCBÁC (Coláiste Loreto, Cromghlinn) Dámhachtain Fiúntais de chuid na mBreithiúna den chéad uair le tamall de bhlianta anuas. Ba dhíol spéise ar leith é seo, ós rud é go raibh an iontráil seo mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta i leith Thionscadal na hEorpa/hÁise. Cuireann an tionscadal seo ar chumas daltaí Éireannacha caidreamh a dhéanamh le scoil san Áise, trí fhíschomhdháil. Taispeánadh Gradaim Fiontraíochta Daltaí BFCBÁC san Áise mar thoradh air sin

Ba bhliain thar an bheith tairbhiúil agus rathúil í agus sprioc amháin ann le haghaidh na todhchaí - méadú rannpháirtíocht na bhfear amach anseo.

Tá Peter Sheridan de chuid Fhiontraíocht Éireann, ina chathaoirleach ar Choiste Fiontraíochta na Scoileanna.

Buaiteoirí an Chatagóra Shinsirigh, Moving to Crumlin, Coláiste Loreto, Cromghlinn. Rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta in éineacht le (ón taobh clé), Peter Sheridan, Fiontraíocht Éireann, Patrick Lynch, Cathaoirleach Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, Brody Sweeney de chuid O'Brien's Irish Sandwich Bars, Greg Swift, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin BFCBÁC agus Dorothy Lavery, Comhordaitheoir de chuid LCVP.

Tábla 3. BUAITEOIRÍ GHRADAIM FIONTRAÍOCHTA NA NDALTAÍ DE CHUID BHAILE ÁTHA CLIATH I bPÁIRC AN CHRÓCAIGH AR 13 MÁRTA 2008

GRADAM	Ainm Gnólachta	Scoil	Tionscnóir/Tionscnóirí
SÓISEARACH	Cásanna Craiceáilte	Coláiste na Trócaire. Beaumont	Nicole O'Sullivan agus Emma O'Keeffe
IDIRMHEÁNACH	Flaunt your Plaunt	Coláiste San Doiminic, An Chabrach	
SINSEARACH	Bogadh go Cromghlinn	Coláiste Loreto, Cromghlinn	Rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta

1.2. 3. Cur i Láthair Fiontraíochta

Tá an clár Cur i Láthair Fiontraíochta deartha go háirithe le líon mór na gcuspóirí de mhodúil fiontar na hArdteistiméireachta Feidhmí (LCA), Chlár Gairme na hArdteistiméireachta (LCVP) agus na hIdirbhliana (TY) a chomhlíonadh.

Méadaíodh líonrú i rith na bliana le Comhordaitheoirí Náisiúnta le haghaidh na hIdirbhliana, na hArdteistiméireachta Feidhmí, Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus NFTE le cinntiú gur baineadh amach an sprioc go mbeadh cur chuige comónta ann ar fud na cathrach, gan aon chlár oibre eile i gceist.Tá ag éirí leis seo agus tá tús curtha le cainteanna d'fhonn na gradaim dhifriúla go léir a chónascadh ionas go mbeadh aon teachtaireacht fiontraíochta amháin ann agus go mbeimid ina gcuid mhór den soláthar sin amach anseo.

Ghlac dhá scoil is tríocha páirt ann. Thug ionadaí an Bhoird 87 cuairt ar scoileanna agus chuir sé/sí tacaíocht ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí 65 uair. Cabhraíodh le hiomlán 2,300 dalta.

1.3. Tionscnaimh do Choláistí Tríú Leibhéal

D'urraigh BFCBÁC trí thionscnamh fiontraíochta ar an 3^{ú} leibhéal i rith 2008. Ina measc seo, bhí: Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, in éineacht le DCU ó 1115ú Márta Márta; tráthnóna cainteanna dar teideal *An Socraíonn Fiontraithe na Treochtaí Nuair a Bhíonn Cúrsaí go Guagach?* ag an Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíochta Bia, DIT ar Shráid Chathail Brugha, ar 31 Márta, agus ócáidí *Bí Spreagtha* in éineacht le DIT Hothouse.

1.5.4. 1.3.1. Bí Spreagtha

Céard atá i gceist le fiontraí mór? *seo an téama a bhain le hÓcáidí Bí Spreagtha le haghaidh 2008, a bhí eagraithe ag BFCBÁC/DIT Hothouse.* Chualathas ag trí ócáid de chuid Bí Spreagtha, a raibh 400 duine ag freastal orthu, faoin obair rathúil a rinne Denis O'Brien de chuid Communicorp, Brody Sweeney, de chuid O'Brien's / Café Bar Deli Franchise Group agus Éamonn Fallon, arb é duine de chomhbhunaitheoirí an tsuímh ghréasáin réadmhaoine is mó in Éirinn, Daft ie.

Sa ghrianghraf seo, agus iad ag plé bhróisiúr an chláir, tá Tom Flanagan, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin chlár an Hothouse agus Greg Swift, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin BFCBÁC. In éineacht leo sa phictiúr, tá (ó Dheas go Clé) John Murray, Láithreoir The Business Show, ar RTÉ Radio 1; Ivan Mac Donald ó Dial2Do agus Ross Brennan, Líonraí Cicero.

1.4. GRADAIM FIONTRAÍOCHTA

1.4.1 Gradaim Fiontraíochta Chathair Bhaile Átha Cliath

Ba iad Viz Rez buaiteoirí Ghradam Dennis Colleran le haghaidh 2008, rud a bhronnann Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí VisRez bunaithe sa bhliain 2006 ag Nicky & Dominic Morrogh agus é faoi úinéireacht 50-50. Tá seachtar á bhfostú ann.

Soláthraíonn an comhlacht córais idirlín le haghaidh cur in áirithint, chomh maith le seirbhísí margaíochta ar líne don earnáil turasóireachta agus fáilteachais. Cruthaíonn a gcórais fíor-ama do chur in áirithint, atá saor ó choimisiún, na milliúin de dhíolacháin bhliantúla dá gcliaint agus cinntíonn a seirbhísí margaíochta ar líne go bhfanann na cliaint i lár an aonaigh ó thaobh dáileadh idirlín.

Is córas saor ó choimisiún do chur in áirithint é a n-inneall do chur in áirithint do Sheomraí agus d'Ócáidí, a bhíonn á úsáid ag óstáin agus ag ionaid turasóireachta, fóillíochta agus siamsaíochta. Is féidir an córas seo a chomhtháthú go díreach le Micros Fidelio, arb é an córas is coitianta sa tionscal fáilteachais le haghaidh fáilteachais, nó é a úsáid mar chóras aonair do chur in áirithint. Cuimsíonn a seirbhísí margaíochta ar líne forbairt gréasáin, margaíocht ríomhphoist, optamú innill chuardaigh agus bainistíocht feachtais 'íoc mar a chliceáiltear'. Cuireann siad seirbhísí idirlín ar fáil do bhreis is dhá chéad cliant in Éirinn agus do chliaint áirithe thar lear.

Suíomh Gréasáin an Chomhlachta: http://www.visrez.com/

Dominic agus Nicky Morrogh, comhúinéirí VizRez: "Tá sé mar phríomhsprioc againn gnólacht seirbhíse a thógáil ar féidir léi dul san iomaíocht go domhanda sa tionscal turasóireachta agus fáilteachais."

Gradaim Fiontraithe Mná Bhaile Átha Cliath 2008

Is í Mary Ryan ó Product Innovator buaiteoir Ghradam an Fhiontraí Mná le haghaidh 2008 i mBaile Átha Cliath. Thosaigh Mary a comhlacht féin nuair a scaoileadh chun siúil í ó Iona Technologies sa bhliain 2002, agus tá rath idirnáisiúnta bainte amach ag an gcomhlacht ó shin. D'fhéadfadh a scéal daoine eile atá i gcruachás i láthair na huaire a spreagadh.

Cuireann Product Innovator réitigh ar fáil do chomhlachtaí teicneolaíochta atá ag iarraidh an fheidhm bhainistíochta táirgí a thabhairt isteach ina ngnólachtaí, gan an priacal ná an costas a bhaineann le hearcú foirne lánaimseartha ar leibheál sinsearach. Déanann comhairligh shinsearacha an chomhlachta taighde ar mhargaí a gcliant, forbairt nó feabhsú ar straitéisí táirgí agus margaíochta, anailís ar phróiseas forbartha na dtáirgí chun pointí péine a dheimhniú agus cláir fheabhsaithe próisis a chur i bhfeidhm, a sholáthraíonn fíor-ghnóthachain sa táirgiúlacht agus san ioncam ó tháirgí.

Suíomh gréasáin an chomhlachta: www.productinnovator.com

Mary Ryan, bunaitheoir Product Innovator agus buaiteoir Ghradam Fiontraithe Mná Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2008. Bhunaigh Mary a comhlacht féin sa bhliain 2002 tar éis di a bheith scaoilte chun siúil óna post. Tá rath idirnáisiúnta ar a comhlacht anois.

Gradam na Réalta Éirithí

Bronnadh an gradam seo ar Alison Bell ó Spa Ireland

Is ionad ilfhreastail é Spa-Ireland.com a bhunaigh Alison Bell, chun spánna a chur in áirithint in Éirinn agus seoladh é ag deireadh 2007. Is suíomh gréasáin lánfheidhmeach é le aghaidh cur in áirithint, a dtacaítear leis le saineolas as líne. Cuireann sé próifílí, gnátheolas, teacht ar chur in áirithint agus tuilleadh ar fáil don chuid is mó de na háiseanna spánna den chéad scoth ar fud oileán na hÉireann.

An Réalta Éiritheach - Alison Bell.

Gradaim Ghréasán LINK!

Cuireadh tús le roinnt gradam le Gréasán LINK! i rith 2008, rud a bunaíodh sa bhliain 2007.

Bhuaigh David Burke ó Freight Wise Gradam Link! le haghaidh 2008, don Fhiontraí Nua a bhfuil an Plean Gnó is fearr aige/aici.

Bhí Freight Wise Ltd bunaithe in Iúil 2007 ag Mary McMahon agus ag David Burke, a bhfuil 25 bliain taithí eatarthu sa tionscal seolta lasta. Thug siad faoi deara go raibh bearna ann sa mhargadh le haghaidh seoltóirí lasta atá dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí agus cuireann iad féin ar fáil dá gcustaiméirí ó dhubh go dubh dá bharr. Agus líonra gníomhairí acu a thairgeann cuimsiú domhanda, cuireann Freight Wise seirbhís dhomhanda ó dhoras go doras ar fáil, lena n-áirítear; cúiréireacht, aerlasta, lasta mara (LCL agus FCL), comhdhlúthú, ualach iomlán, calafort go calafort, calafort go doras, doras go calafort, seirbhís allmhairithe agus onnmhairithe 24/48 uair sa RA, seirbhís bóthair Eorpach, seirbhís baile thar oíche agus cead custaim. Tá siad go hiomlán faoi úinéireacht Éireannach.

Ba iad David Burke agus Mary McMahon, bunaitheoirí Freight Wise sa bhliain 2007, a bhuaigh Ghradam Nua Líonra LINK! sa bhliain 2008.

Ba é Joseph Haugh ó GuarReg Ltd./ Productful.com a bhuaigh i gcatagóir an táirge nó na seirbhíse is fearr

Is suíomh gréasáin do chlárú táirgí ar líne é ProductFul.com, a éascaíonn bainistíocht éasca ar chlárú táirgí agus ráthaíochtaí, rianú fad éaga ráthaíochtaí, chomh maith le háis chun cóip d'admháil a bheadh ceangailte den táirge atá cláraithe ar shuíomh gréasáin an chomhlachta a uaslódáil agus a stóráil. Tá an tseirbhís saor in aisce do na tomhaltóirí. Ligeann sé do dheimhniú cláraithe tarlú agus cumasaíonn sé íoslódáil cóipe den admháil cheannaigh. Ós rud é go bhfuil na clárúcháin go léir in aon áit láraithe amháin, is féidir leis an tomhaltóir an t-eolas riachtanach a aisghabháil go héasca, nuair is gá dóibh táirge a sheiceáil, má tá fabht ann.

Maidir leis an déantúsóirí, cuireann an córas ar a gcumas bealach níos tapúla agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chustaiméirí a cheannaigh a dtáirgí clárú leo.

Trófaí Buan Precious Diamond

Bhuaigh David Burke ó Freight Wise Trófaí Buan Precious Diamonds, rud atá urraithe ag Precious Diamonds, ar baill iad de *LINK!*.

1.5. Taispeántais, na Meáin & Caidreamh Poiblí

Mar chuid de ghréasán Bhord Fiontar Contae agus Cathrach chuir Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath taispeántais ar siúl ag méid áirithe ócáidí bliantúla agus comhdhálacha náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear:

- Seachtainí Faisin Bhaile Átha Cliath (Feabhra agus Lúnasa)
- Comhsheó na nDearthóirí
- Gradaim MDFW agus Comhsheó na nDearthóirí
- SHOP 2008
- Deiseanna FÁS
- Seachtain Fiontraíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Ócáid Líonrú PLATO Uile Oileáin
- Cumann Idirlín na hÉireann
- Network Ireland
- Comhdháil Irishbusinesswomen.com
- Ócáidí SFA
- Ócáidí an Chumainn Tráchtála
- Comhdháil na mBan i gCúrsaí Gnó
- Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan

Taispeántais

1.5.1. Expo Geilleagair Chioglaigh Idirnáisiúnta sa tSín sa bhliain 2008

Bhí cliaint de chuid BFCBÁC páirteach sa mhisean trádála seo a mhair ar feadh seachtaine agus a bhí eagraithe ag BFC Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin. Tugadh cuairt ar chathair chósta Qingdao i gcúige Shandong agus ar Bhéising ar feadh dhá lá. Tharla an misean trádála ag deireadh Dheireadh Fómhair. Díríodh an misean trádála ar theicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite agus ar earnálacha comhshaoil inbhuanaithe. Bhí cliant amháin de chuid Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, Jan Kohler ó JK Building Planners Ltd., mar chuid den mhisean trádála.

1.5.2. Seachtainí Faisin Bhaile Átha Cliath

Bhí tiomantas an Bhoird d'fhorbairt an tionscail faisin le tabhair faoi deara inár rannpháirtíocht i, agus ár dtacaíocht do cheithre ócáid mhóra faisin sa Phríomhchathair. Ina measc seo, bhí:

- Seachtain Faisin Motorola i mBaile Átha Cliath – Bailiúcháin an Fhómhair/Gheimhridh
- Seachtain Faisin Motorola i mBaile Átha Cliath – Bailiúcháin an Fhómhair/Gheimhridh
- Comhsheó na nDearthóirí
- Gradaim MDFW agus Comhsheó na nDearthóirí

Seachtainí Faisin Motorola 2008 i mBaile Átha Cliath: Bhí bailiúcháin an Fhómhair/Gheimhridh ar taispeáint in Óstan an Radisson, ó 25 go 27 Feabhra. D'fhéach breis is 250 ceannaitheoir, stílí agus duine preasa ar lipéid de chuid 27 dearthóir. Taifeadadh díolacháin de thart ar €1.5 milliún. Ar na dearthóirí a bhí páirteach le BFCBÁC, bhí MoMuse, Jennifer Rothwell, Heather Finn agus Beuys & Beuys. Thug Eibhlin Curley, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Cúnta, agus John Fennell atá ina mheántóir, thug siad príomhchaint darb ainm *Tosú do Ghnólacht Faisin Féin*.

Déantús de chuid Jennifer Rothwell

Bhí bailiúcháin an Earraigh/tSamhraidh ar taispeáint in Ostán Fitzwilliam, ó 25 go dtí 27 Lúnasa. D'fhéach breis is 300 ceannaitheoir, stílí agus duine preasa ar lipéid de chuid 25 dearthóir agus bhí díolacháin ar luach €2m i gceist. Ar na cliaint de chuid BFCBÁC a bhí páirteach, bhí Jennifer Rothwell, Rachel Mackay agus Juvi Designs. Labhair Eibhlin Curley, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Cúnta agus John Fennell atá ina mheántóir, faoin ábhar: *Conas do Lipéad Faisin Féin a Dhíol Thar Lear.*

Bhí triúr cliant de chuid BFCBÁC páirteach sa Chomhsheó Dearthóirí i bhFoirgneamh chq, IFSC ar 26 Feabhra, le tacaíocht ó BFCBÁC. Bhí an seó seo ar oscailt don phobal agus do na meáin chumarsáide. Bhí 350 duine i láthair.

Tharla Gradaim agus Comhsheó Dearthóirí MDFW i bhFoirgneamh chq, IFSC, ar 27Lúnasa agus bhí an cliant-dearthóir de chuid BFCBÁC, Jennifer Rothwell, páirteach iontu.

1.5.3. SHOP 2008

Bhí an-rath ar an taispeántas arís i Meán Fómhair 2008, agus é ar siúl san RDS.
Bhí breis is 50 cliant-chomhlacht BFC, lenar áiríodh 5 chliant de chuid BFCBÁC, i láthair i spás taispeána 'chearnóg an mhargaidh',
rud nua a cruthaíodh le déanaí, agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó na rannpháirtithe‘.

D'oscail an tAire Bia, Trevor Sargent TD, an seó agus ar cuireadh ón mBord, bhuail sé leis na cliaint BFC ar lá deiridh an tseó, lenar áiríodh the Windmill Project, Carribean Enterprises, Gran Clarkes Bakery, Fibre Foods agus M & M Foods.

Ar na cliaint atá ag BFCBÁC, tá:

Ainm na Cuideachta	Ainm	Sloinne
D&S Gourmet Food 'Gran Clarkes Bakery'	David	Cosgrove
The Fibre Food Company	George	Ardagh
Carribean Enterprises	Jennylynd	James
M & M PRODUCTS	Norman	McInerney
Windmill Project	Claudia	Marion

1.5.5. Seachtain Fiontraíochta Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath

D'óstáil an Bord Seachtain Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath i Samhain le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a raibh an Lá Tacaíochta Fostaíochta mar phríomhócáid ann i Halla na Cathrach. Bhí sé mar thoradh ar an lá seo go raibh na céadta duine a bhfuil suim acu gnólacht a bhunú in ann bualadh le baill ár bpainéal meántóirí agus éisteacht ar an láthair le taithí fiontraithe rathúla. Reáchtáladh iomlán 37 ócáid i rith na seachtaine agus d'fhreastail thart ar 5,000 duine de mhuintir an phobail orthu.

Bhí an craoltóir John Bowman ina chathaoirleach ar 'An Díospóireacht Mhór' ag an Lá Tacaíochta Fiontraíochta i Halla na Cathrach ar 19 Samhain 2008. Bhí an Lá Tacaíochta Fiontraíochta mar phríomhócáid na Seachtaine Fiontraíochta de chuid Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath, rud a bhí ar siúl ón Luan, 10 Márta. 14^{ú} Márta

Bhí na hócáidí seo a leanas mar chuid den chlár cúig lá:

Dé Luain, 10 Márta.

- Chuir Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath 'An mBeifeá In Ann Do Ghnólacht Féin A Bhunú?' i láthair in éineacht le hEibhlin Curley, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Cúnta.
- Chuir The Invent Centre 'Resident Experts - Outsourcing Management Accounting' i láthair
- "Pokersoc RAG Rebuy Tournament"

Dé Máirt, 11 Márta

- 'Gairmeacha Difriúla', i gcomhar le Cumann Suas. Seimineár fiontraíochta sóisialta, in éineacht le Brody Sweeney agus Seán Coughlan.
- Seoladh an Red Bull soap box i DCU.
- Chuir DCU E&S agus Boost Society Personal Development 'Labhairt Phoiblí' i láthair in éineacht leis an Dr. Michael Doherty ó Scoil Dlí agus Rialtais DCU
- Ócáid DCU E&S ag an Purty Kitchen

Dé Céadaoin, 12 Márta – Chuir DCU E&S agus an Invent Centre 'Resident Experts - Intellectual Property' i láthair

Déardaoin, 13 Márta -

- Chuir DCU E&S i gcomhar le Pokersoc/Boost society 'Paddy Power - Development of an Irish Brand and Financial Spread Betting' i láthair, in éineacht le Davin McAnaney agus Zahid Aslam

Dé hAoine, 14 Márta – Chuir DCU E&S agus an Invent Centre 'Resident Experts - Sales Experts' i láthair

Bhain go leor de mhuintir an phobail a d'fhreastail ar an Lá Tacaíochta Fiontraíochta leas as an gcomhairle shainoilte a bhí á cur ar fáil ag meántóirí Bhord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath.

ROINN 2

2. TACAÍOCHT DO GHNÓLACHTAÍ NUA-THIONSCANTA

2.1.Meántóireacht – Tacaíocht Réamhfhiontraíochta

In ainneoin ghéire an chúlaithe eacnamaíoch, go háirithe sa dara cuid de 2008, bhí an-chuid iarratas ar mheántóireacht go fóill. Fuarthas 274 iarratas ar thacaíocht mheántóireachta agus tugadh 60 ceann eile ar aghaidh ó 2007. Ar an iomlán, cuireadh meántóireacht ar fáil do 257 cliant.

Tá athrú mór tagtha ar sheirbhís mheántóireachta an Bhoird le déanaí. Bíonn gach iarratasóir i dteideal cruinniú le meántóir nuair a íoctar táille aon uaire €35. Bíonn na seisiúin scagtha seo á ndéanamh ag triúr meántóirí cleachtacha, mar atá, Brian Davitt, Walter Hill agus Gerry Lawlor. Bíonn sé mar chuspóir leis na cruinnithe seo measúnú a dhéanamh ar an tionscnóir agus ar an tionscadal agus an cliant a threorú i dtreo an bhealaigh is fearr chun tosaigh.

Má tá an meántóir atá ag scagadh den tuairim nach bhfuil an cliant ná an tionscadal fada go leor chun cinn, míneofar é seo don chliant go hiomlán agus cuirfear comhairle air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr le dul ar aghaidh. D'fhéadfaí a mholadh leis an gcomhairle seo go rachadh an cliant faoi oiliúint ghnó, amhail cúrsa ar Thosú do Ghnólachta Féin, taithí oibre a fháil san earnáil ghnó chuí srl. Mínítear na fáthanna atá lena leithéid de mholtaí don chliant go hiomlán agus tugtar spreagadh dó/di iarratas nua a chur isteach nuair a bheidh sé/sí réidh. Is é taithí ár meántóirí scagtha ná go nglactar go fonnmhar leis an gcomhairle seo nuair a thuigeann na cliant nach bhfuil ullmhaithe i gceart céard iad na priacail atá i gceist.

Mar is léir ón na staitisticí thuas, glactar le móramh mór na gcliant sa chlár meántóireachta agus tháinig méadú suntasach ar chaighdeán na dtionscnóirí agus na dtionscadal, go háirithe i rith 2007 agus 2008. Bhí pleananna gnó, nó sracphleananna ullmhaithe ag cuid mhaith de na tionscnóirí, sular chuir siad a n-iarratais isteach; is léiriú soiléir é seo ar ghairmiúlacht mhéadaithe na n-iarratasóirí, agus ar an méadú ar líon na bhfiontraithe atá ag iarraidh a ngnólachtaí féin a bhunú.

Ullmhaítear tuarascáil scagtha i ndiaidh gach seisiún scagtha. Cuireann sé seo anailís ar an tionscnóir agus ar an tionscadal ar fáil agus déantar moltaí faoin mbealach chun tosaigh. Is cabhair mhór é an tuarascáil seo le roghnú an mheántóra is oiriúnaí do riachtanais an chliaint. Cinntítear chomh maith go bhfuil an meántóir go hiomlán ar an eolas roimh an gcéad chruinniú.

Déantar athbhreithniú agus neartú leanúnach ar phainéal na meántóirí, le cinntiú go mbíonn teacht ag na cliaint ar chomhairle, eolas agus ar thaithí ar ardchaighdeán ar fud na ndisciplíní gnó bainteacha go léir. Chomh maith leis sin, déantar iarracht a chinntiú go mbíonn an t-eolas agus an taithí chuí ag na meántóirí nua agus go mbeidís in ann comhbhá a bheith acu lena gcliaint chomh maith.

Cabhraíonn neart an phainéil meántóirí le hobair an Choiste Measúnaithe chomh maith, maidir le caighdeán na bpleananna gnó a chuirtear isteach. Sa chás go bhfuil fiúntas ag baint le plean gnó a cuireadh isteach, ach má tá rud áirithe in easnamh air, d'fhéadfadh an Coiste Measúnaithe meántóir speisialtóra a cheapadh le cabhrú leis an gcliant an t-easnamh a leigheas.

Bhuail painéal na meántóirí le chéile trí huaire i rith 2008, chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna eagraíochtúla, smaointí a mhalartú agus le héisteacht le cainteanna saineolais ar ábhair bhainteacha. Bhí tinreamh maith ag na cruinnithe seo. Cruthaíodh lámhleabhar ionduchtaithe meántóirí i rith na bliana, chun comhsheasmhacht a chinntiú sa chur chuige.

Baill den Phainéal Meántóirí ag ceann de na cruinnithe tréimhsiúla ina mbíonn ceisteanna gan réiteach á bplé agus smaointí á malartú.

2.2. Smaointe Gnó á nGiniúint

Eagraíodh Ceardlanna chun Smaointe Gnó a Ghiniúint ar an Satharn deireanach gach mí agus tá siad ar fáil saor in aisce do rannpháirtithe. Tá na ceardlanna ar fáil dóibh siúd le smaoineamh ach nach bhfuil cinnte de an n-oibreoidh sé. Tá siad ann freisin do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina bhfiontraithe agus a bhfuil smaoineamh gnó á lorg acu. Foghlaimíonn na rannpháirtithe gach rud a bhfuil de dhíth orthu maidir le smaoineamh a ghiniúint idir smaoineamh a thógáil ón gcéad chéim den smaoineamh agus thús a chur leis an ngnó. Cuireadh 6 cheardlann ar siúl i rith 2008 agus d'fhreastail 92 duine orthu.

2.3. Forbairt Táirgí Nua

Reáchtáladh dhá cheardlann agus d'fhreastail iomlán 25 duine orthu. Fuarthas tacaíocht airgeadais ón mBord le haghaidh aiseolais a fuarthas i leith na gceardlann seo agus roinnt smaointí maithe a bhí mar thoradh ar rannpháirtíocht.

2.4. Cúrsaí ar Thosú do Ghnólachta Féin

Bhí luach ard ag baint lenár gcúrsaí ar Thosú do Ghnólachta Féin go fóill, agus bhraith cuid mhaith de seo ar thacaíocht airgeadais ó FÁS.

Iomlán 13 chúrsa ar Thosú do Ghnólachta Féin, a raibh dhá cheann ann le haghaidh na mban, agus d'fhreastail 216 duine orthu. D'fhreastal tríocha duine ar chúrsaí na mban.

Tá ríthábhacht ag baint leis an gcúrsa seo maidir le cúrsa oiliúna an Bhoird. Féachtar air anois mar réamhriachtanas do thionscnóirí nach bhfuil aon taithí ná cháilíochtaí gnó acu, le bheith glactha isteach sa chlár meántóireachta. Tugann sé an t-eolas riachtanach atá de dhíth orthu do na fiontraithe dréimeacha, chomh maith le cabhrú leo tuiscint a fháil ar na priacail a bhaineann le gnó agus conas iad a íoslaghdú.

Tá sé mar aidhm le Tosú Do Ghnólachta Féin na scileanna, na huirlisí bainistíochta agus an saineolas a thabhairt do dhaoine aonair atá ag tosú a ngnólachtaí féin, chun go ndéanfaidh siad na cinntí cearta agus chun go ndéanfaidh siad pleanáil agus eagrú go héifeachtach. Cabhraíonn sé leis an tionscnóir tomhas a dhéanamh ar mhéid an smachta is gá dó/di a chur i bhfeidhm, ionas go mbeidh a f(h)iontar nua á reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Tá na modúil seo a leanas i gceist leis an gcúrsa:

- Tús eolais ar phleanáil ghnó d'fhiontraithe
- Díolacháin agus margaíocht
- Reachtaíocht fostaíochta
- Airgeadas fiontraíochta
- Cánachas
- Forbairt Plean Gnó

Tá aiseolas an-dearfach faighte ó na rannpháirtithe agus bíonn liosta feithimh ann uaireanta, mar gheall air seo.

2.5. LINK!

Bhunaigh an Bord LINK! i rith 2007, mar líonra do ghnólachtaí nua-thionscanta agus do ghnólachtaí luathchéime. Déanann sé freastal ar fhir agus ar mhná araon chomh maith. Líonann sé bearna mar sin, agus cinntíonn sé go mbíonn na cliaint go léir ag cibé céim den fhorbairt ag a bhfuil siad agus cibé inscne a mbaineann leo, go mbíonn teacht acu ar líonra anois.

Tháinig fás mór ar LINK! i rith 2008 agus d'fhás a bhallraíocht ó 54 go 80 duine, rud a dheimhnigh go bhfuil gá leis an líonra seo. Bhí freastal maith ar ócáidí líonra LINK! agus iomlán 426 ball ag freastal ar 11 ócáid. Seo thíos clár na n-ócáidí.

Tábla 4. ÓCÁIDÍ LÍONRA LINK! 2008

Dáta	Rannpháirtithe	Gníomhaíochtaí
29ú Eanáir	25	Cur in aithne timpeall an tseomra *An Leas is Fearr a Bhaint as do Shuíomh Gréasáin*
22ú Feabhra	35	Cur in aithne timpeall an tseomra *An Chaoi Is Féidir Le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath Cabhrú Le Do Ghnólacht Nua-Thionscanta* Bord Fiontraíochta *Tabhairt Isteach na Chéad Chéime*
25ú Márta	26	Cur in aithne timpeall an tseomra *Léirmheas Leabhair - The Mind Gym* Conas do Shócmhainní a Chosaint!
29ú Aibreán	23	Cur in aithne timpeall an tseomra Forbhreathnú ar Chomórtas Líonra LINK! le haghaidh 2008 *Agallamh Á Chur Ar…Cameron Ross!*

27ú Bealtaine	35	Cur in aithne timpeall an tseomra *Meonta Buaiteacha agus Creidimh Ratha*
24ú Meitheamh	76	Ócáid *Líonraithe i lár an tSamhraidh*, i gcomhar le Líonra Fiontraíochta na mBan agus Clár Plato.
29ú Iúil	25	*Cliaint agus Comhairligh* Cleachtadh réiteach faidhbe *Don't let your business be Taxing!*
30ú Meán Fómhair	27	*Léirmheas Leabhair - Predictably Irrational*: *The Hidden Forces That Shape Our Decisions* *Ceannaireacht agus Spreagadh le haghaidh Fiontraithe Gnólachtaí Nua-Thionscanta*
28ú Deireadh Fómhair	21	*Léirmheas Leabhair - Getting Things Done* *Treallmhargaíocht le haghaidh Fiontraithe Gnólachtaí Nua-Thionscanta*
24ú Samhain	60	Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath: Ócáid speisialta líonraithe le haghaidh an Lae Tacaíochta Fiontraíochta darb ainm *Who Moved My Cheese*? – Changing The Way You Look at Change - Scannán bunaithe ar an leabhar mórdhíola le Spencer Johnson M.D. *Managing Transitions*
8ú Nollaig	98	3-in-1 *Ócáid Líonraithe* Reáchtáladh é i gcomhar le Líonra Fiontraíochta na mBan agus le clár PLATO. Fógairt agus bronnadh ghradaim líonra LINK! Mear-Líonrú

ROINN 3

3. TACAÍOCHT DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ AG FORBAIRT

3.1. Cláir Oiliúna

Ba mhaith le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath buíochas a ghabháil le FÁS as a gcúnamh faoin gclár Aon Chéim Suas, rud a chuir go mór le rath na gceardlann oiliúna, na gcúrsaí agus na modúl de chuid an Bhoird i rith 2008. Thug FÁS iomlán €314,643 dár mbuiséad oiliúna. As an bhfigiúr sin, íocadh €55,046 go díreach le BFCBÁC agus íocadh €215,597 leis na comhlachtaí oiliúna.

Is príomhsheirbhís iad cúrsaí, modúil agus ceardlanna oiliúna an Bhoird, a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí nua-thionscanta agus borracha. Bíonn tábhacht i gcónaí le hoiliúint le haghaidh gnó; Ach ní bhíonn oiliúint mar rogha a thuilleadh i rith cúlú. Is riachtanas í. Is riachtanas é go mbeadh teacht ar oiliúint ghairmiúil ar bheagán costais, má tá gnólachtaí nua agus óga le teacht slán.

Athchóiríodh an clár oiliúna i rith 2008 le freastal ar na cúinsí eacnamaíocha nua. Rinneadh réamhriachtanas d'oiliúint ghnó chomh maith, le bheith glactha isteach sa chlár meántóireachta, ach amháin má tá cáilíochtaí gnó nó taithí bhainteach ag an gcliant cheana féin.

Bhí iomlán 884 duine páirteach sna cúrsaí agus modúil oiliúna i rith 2008. Ina measc seo, bhí 496 bean agus 33 fear. Tairgeadh fiche cúrsa oiliúna éagsúil. Ba thoradh iontach é seo, nuair a cuireadh na droch-chúinsí san áireamh, go háirithe sa dara cuid den bhliain.

Rinneadh taighde cuimsitheach i rith na bliana maidir leis an gclár oiliúna a bheidh ag teastáil le haghaidh 2009 agus níos faide anonn.

Tá clár oiliúna an Bhoird tar éis fás ina fhoinse thábhachtach ioncaim ag an mBord chomh maith agus ioncam €212,209 cruthaithe mar thoradh air i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

.

3.1.1. Forbairt Bainistíochta

Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint leanúnach le haghaidh úinéirí/bainisteoirí, go háirithe in amanna dúshlánacha. Cuimsíonn cúrsa Forbartha Bainistíochta an Bhoird réimse ábhar a bhfuil tábhachtach straitéiseach ag baint leo i leith bainisteoirí.D'fhreastail 32 duine ar dhá chúrsa i rith 2008.

3.1.2. Bainistíocht Airgeadais

D'fhreastail 22 duine ar dhá chúrsa a bhí ar siúl aon oíche in aghaidh na seachtaine i rith tréimhse ceithre seachtaine. Cuimsíonn an cúrsa seo dea-chleachtas i mbainistíocht airgeadais, lena n-áirítear rialachas corparáideach, cánachas, rialú airgeadais agus coinneáil taifead.

3.1.3. Díolachán & Margaíocht

Reáchtáladh aon chúrsa amháin, ar fhreastail 13 dhuine air.

3.1.4. Clár Forbartha an tSuímh Ghréasáin

De réir mar a mhéadaíonn tábhacht an Idirlín i gcúrsaí tráchtála, éiríonn oiliúint níos tábhachtaí dóibh siúd atá páirteach i ríomhthráchtáil. D'fhreastail 27 duine ar 4 chúrsa i rith 2008

3.1.5. An clár maidir le do Ghnó a Fhorbairt

Tugadh an cúrsa seo isteach ar dtús sa bhliain 2007 agus cruthaíodh é le cabhrú le gnólachtaí forbraíochta measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna gnó d'fhonn a bheith ag fás. Reáchtáladh aon chúrsa amháin i rith 2008, ar fhreastail seachtar air.

3.2. Cúrsaí Oiliúna, Modúil agus Ceardlanna

Tábla 5. ACHOIMRE AR OILIÚINT 2008

Cúrsaí Oiliúna	Cineál	Comhlacht	Dáta	Iarbhíreanna
Tús eolais ar cháin	m	R&H	23/01/2008	35
Cruthú Smaointí 1	cn	R&H	26/01/2008	25
SYOB 1	c	O/Rat	28/01/2008	17
Díolacháin agus Díol	m	O/Rat	06/02/2008	24
SYOB 2	c	O/Res	12/02/2008	19
Airgeadas agus Maoiniú	m	R&H	20/02/2008	11
Forbairt Bainistíochta	c	Pol	21/02/2008	17
Forbairt Táirgí Nua 1	cn	Innov	23/02/2008	14
Margaíocht ar Bheagán Costais	m	O/Rat	05/03/2008	16
SYOB 3	c	O/Rat	06/03/2008	17
Margaíocht an Idirlín	m	O/Rat	12/03/2008	19
Cruthú Smaointí 2	cn	R&H	29/03/2008	18
SYOB 4	c	O/Res	31/03/2008	17

Suíomh Gréasáin Beag Gnó a Bheith Agat 1	c	I/Ret	01/04/2008	9
Bainistíocht airgeadais 1	c	O/Rat	01/04/2008	12
Bainistiú Ama	m	Pol	02/04/2008	14
Díolacháin agus Margaíocht 1	c	O/Rat	08/04/2008	13
SYOB le haghaidh na mBan	c	R&H	12/04/2008	15
Tairiscintí Buaiteacha	m	Pol	16/04/2008	21
Forbair do Ghnólacht 1	c	O/Rat	24/04/2008	7
SYOB 5	c	O/Rat	29/04/2008	17
Rialú Creidmheasa	m	I/Crd	30/04/2008	21
Sláinte agus Sábháilteacht 1	m	NSC	14/05/2008	15
Bainistíocht Airgeadais 2	c	O/Rat	22/05/2008	10
Cruthú Smaointí 3	cn	R&H	24/05/2008	8
SYOB 6	c	O/Res	28/05/2008	18
Cúram Custaiméirí	m	O/Rat	04/06/2008	25
Scríobh Plean Gnó	m	R&H	18/06/2008	11
SYOB 7	c	O/Rat	26/06/2008	15
Pleanáil Straitéiseach	m	O/Res	02/07/2008	11
Cruthú Smaointí 4	cn	R&H	26/07/2008	13
Suíomh Gréasáin Beag Gnó a Bheith Agat 2	c	I/Ret	22/07/2008	13
Bainistiú i rith Cúlú	m	O/Rat	03/09/2008	14
Cruthú Smaointí 6	cn	QED	06/09/2008	11
Tosú do Ghnólachta Féin 8	c	O/Res	09/09/2008	16
Costáil agus Praghsáil	m	O/Res	17/09/2008	19
Forbairt Bainistíochta 2	c	Pol	18/09/2008	15
Forbairt Táirgí/Seirbhísí Nua 3	cn	Innov	27/09/2008	11
Forbairt Suíomh Gréasáin 3	c	I/Ret	30/09/2008	11
Tosaigh do Ghnólacht Féin 9	c	O/Rat	01/10/2008	16
Tuiscint ar Chánachas	m	QED	01/10/2008	33
Bainistíocht Ama	m	Pol	15/10/2008	27
Margaíocht agus Uasmhéadú do Dhíolachán 2	c	O/Rat	16/10/2008	14
Cruthú Smaointí 7	cn	QED	18/10/2008	17
Tosaigh do Ghnólacht Féin 10	c	O/Res	28/10/2008	17
Tairiscintí Buaiteacha	m	Pol	29/10/2008	15
Cur i Láthair do Ghnólachta	m	O/Rat	05/11/2008	17
SYOB le haghaidh na mBan	c	QED	08/11/2008	15
Díolacháin agus Díol	m	O/Rat	12/11/2008	31
Tosaigh do Ghnólacht Féin 11	c	O/Rat	25/11/2008	17
Forbairt Suíomh Gréasáin 4	c	I/Ret	25/11/2008	12
Ceannaireacht agus Tairmligean	m	QED	26/11/2008	23
Dlí Fostaíochta	m	D/Bell	10/12/2008	16

Cineál an chúrsa: m = Modúl. cn = Ceardlann. c = Cúrsa

Giorracháin na gcomhlachtaí oiliúna: R&H – Comhairliú R & H. D'athraigh an comhlacht seo a ainm go QED i rith na bliana.
O/Rat – Optimum Limited, Ráth Garbh
O/Res – Optimum Results Limited
I/Ret – Interactive Return
POL – Polaris
I/Crd – Institiúid na hÉireann um Bainistiú Creidmheasa
NSC – An tIonad Náisiúnta Sábháilteachta

Innov – Nuálaí
D/Bell – David Bell, Meantóir

D'éirigh thar cionn leis na cúrsaí Oiliúna agus fuair an Bord aiseolas den scoth agus moltaí ó na rannpháirtithe.

3.3. Ócáidí Comhchéime

Ba chruinnithe iad na hÓcáidí Comhchéime a tosaíodh i rith 2008 agus a bhí dírithe ar ábhair ar leith, ag a mbíodh cliant-chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí tacaíochta ag bualadh le chéile, chun eolas a mhalartú agus/nó chun líonrú a dhéanamh. Bhí na hÓcáidí Comhchéime seo á n-eagrú agus á n-éascú ag BFCBÁC. Cuireadh na hócáidí comhchéime go léir ar siúl in oifigí an Bhoird.

3.3.1. Ócáid Chomhchéime le Cothromas Príobháideach a Ardú

Tharla an Ócáid Chomhchéime ar Thiomsú Cothromais Phríobháidigh Déardaoin, 7 Feabhra. D'óstáil an EquityNetwork ag InterTradeIreland í i gcomhar le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ba é cuspóir na hócáide ná le cabhrú le comhlachtaí luathchéime tuilleadh a fhoghlaim faoin bpróiseas tiomsaithe airgid le haghaidh gnáthscaireanna, trí Chomhairleoirí, Airgeadaithe Corparáideacha agus Soláthraithe Caipitilithe Fiontair a chur in aithne dóibh. Díríodh an ócáid ar cheisteanna a d'eascair i rith phróiseas an tiomsaithe airgid. Bhí daréag fiontraithe i láthair ag an ócáid.

3.3.2. Ócáid Chomhchéime Bia

Tharla an Ócáid Chomchéime Bia Déardaoin, 6 Márta. D'óstáil Bord Bia í i gcomhar le Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is éard a bhí i gceist ná taispeántais ghearra agus plé, in éineacht le ceisteanna agus freagraí. Ba é cuspóir an tseisiúin eolais ná chun gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoinn gcúnamh atá ar fáil do tháirgeoirí beaga bia. Ar an dara dul síos, ba dheis líonraithe é chun bualadh le gnólachtaí eile bia. An ócáid Comhchéime Bia, ar fhreastail 18 nduine uirthi.

3.3.3. Ócáid Chomhchéime Gnó Idirlín

Tharla an Ócáid Chomhchéime Gnó Idirlín Déardaoin, 1 Bealtaine. Ba sheisiún idirghníomhach í an ócáid a bhí éascaithe ag Conor O'Neill ó Louder Voice agus ag Eibhlin Curley ó BFCBÁC, le haghaidh gnólachtaí a úsáideann an t-idirlíon mar phríomhuirlis díola. Bhí 22 rannpháirtí i láthair ag an ócáid.

3.3.4. Ócáid Chomhchéime Faisin

Tharla an ócáid seo Dé Máirt, 27^{ú} Bealtaine. Ba é cuspóir an tseisiúin eolais ná deis líonraithe chun bualadh le gnólachtaí faisin eile, atá ag trádáil le bliain amháin anuas ar a laghad. Bhuail dearthóirí faisin agus oiriúintí, gníomhairí faisin, úinéirí búitíceanna agus miondíoltóirí faisin ar líne le chéile agus roinn siad eolas lena chéile. Bhí ionadaithe ó 15 eagraíocht faisin páirteach ann. Ar na daoine eile a bhí ann, bhí Lorraine Egan ó Fhiontraíocht Éireann; Eibhlin Curley ó BFCBÁC chomh maith leis na meántóirí Aileen Dempsey agus John Fennell.

3.3.5. Ócáid Chomhchéime Gnólachtaí Seodra Bespoke

Tharla Ócáid Chomhchéime Gnólachtaí Seodra Bespoke Déadaoin, 2 Deireadh Fómhair. Ba é cuspóir an tseisiúin eolais ná deis líonraithe chun bualadh le gnólachtaí seodra eile de chuid bespoke, atá ag trádáil le dhá bhliain anuas ar a laghad. Bhí an cruinniú éascaithe ag Eibhlin Curley ó BFCBÁC agus ag Emer Ferran ó Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, in éineacht le Suzanne Maye, atá ina meántóir. D'fhreastail ceithre sheodóir déag air.

3.3.4. Ócáid Chomhchéime Gnólachtaí Troscáin, Soilsithe agus Barrbhoird

D'fhreastail daréag ar an ócáid seo, a bhí ar siúl in oifigí BFCBÁC Dé Máirt 14 Deireadh Fómhair agus a raibh Emer Ferran ó Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus Suzanne Maye atá ina meántóir, ina measc. Chuir an ócáid deis líonraithe ar fáil le bualadh le gnólachtaí eile barrbhoird, troscáin agus soilsithe dearthóra, atá ag trádáil le dhá bhliain anuas ar a laghad.

.

3.4. TechCheck

Bhí Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbun riaracháin chlár Tech-Check arís i rith 2008, rud a dhéantar ar son na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Cuireann sé seo ar chumas gnólachtaí beaga sainchomhairle neamhspleách a fháil ar an úsáid is éifeachtaí dá gcórais TFC agus leas a bhaint as teicneolaíocht eile. Ghlac 35 comhlacht páirt sa chlár i rith na bliana.

3.5. Fiontraíocht Ban á Spreagadh & ag Tacú Léi

Tá polasaí gníomhach ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath fiontraíocht na mban a chur chun cinn agus tacaíocht a chur ar fáil ina leith. Le linn 2008, ceadaíodh cúnamh airgeadais do 100 bean.

Reáchtáladh dhá chúrsa ar leith do mhná ar Thosú do Ghnólachta Féin, i rith na bliana.

D'aithin an Bord rath na mban i gcúrsaí gnó trí Ghradam Fhiontraí Mná na Bliana i mBaile Átha Cliath, rud a bhí buaite ag Mary Ryan ó Product Innovator sa bhliain 2008.

Lean an Líonra Ban ag Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath dá fhás ar ráta an-sásúil. Tháinig méadú 20% ar bhallraíocht ghníomhach go 120 duine, i rith na bliana.

3.6. Líonraí Gnó

3.6.1. Gréasán Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath do Mhná

Is cuid thábhachtach d'obair an Bhoird é cur chun cinn fhiontraíocht na mban. Agus an méid seo á dhéanamh, aithníonn an Bord na riachtanais speisialta atá ar chuid mhaith ban agus bíonn sé mar aidhm acu na riachtanais sin a shásamh. Baintear é seo amach trínár gcúrsaí do mhná ar Thosú do Ghnólachta Féin agus tríd an Líonra Ban atá ag Fiontraíocht Bhaile Átha Cliath. Mhéadaigh an líonra dinimiciúil seo a bhallraíocht ó 100 go 120 duine i rith 2008 agus bhuail siad le chéile 11 uair i rith na bliana.

Tábla 6. TUAIRISC GHRÉASÁN FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH DO MHNÁ 2008

Dáta na hÓcáide	Ábhar	Cainteoir(í)	Rannpháirtithe
11ú Feabhra	Ceisteanna dlíthiúla le haghaidh gnólachtaí beaga	Jeanne Kelly agus Melanie Crowley, Mason Hayes Curran	41
10ú Márta	Noid ó fhiontraí rathúil – Forbairt do ghnólachta	Tanya Airey, Stiúrthóir Bainistíochta Sunway Travel Group	27
14ú Aibreán	Éirim Mhothúchánach – conas í a úsáid le haghaidh do ghnólachta.	Daire Coffey	41
12ú Bealtaine	14ú Eanáir	Baint Amach do Spriocanna - Tús a Chur leis an Athbhliain	41

24ú Meitheamh	Ócáid líonraithe in éineacht le LINK! agus líonraí eile de chuid BFCBÁC	Grainne Harte ó Harte Communications	30
14ú Iúil	*Cumhacht na hIntinne*	Niamh Hannan	52
8ú Meán Fómhair	*Caint le hArd-Mhéara Bhaile Átha Cliath*	*Eibhlin Byrne*	34
13ú Deireadh Fómhair	*Noid ó fhiontraí rathúil*	Joan Bree de chuid Cush'n Shade™	39
10ú Samhain	Pleanáil Gníomhaíochta le haghaidh 2009	Miriam Ahern	23
8ú Nollaig	Ócáid líonraithe in éineacht le LINK! agus líonraí eile de chuid BFCBÁC	Yanky Fachler	35

Bhí thart ar 100 ball gníomhach ann ag tús 2008, agus mhéadaigh sé seo go 120 duine i rith na bliana. Amhail an bhliain roimhe seo, tharla laghdú nádúrtha i rith na bliana mar gheall ar athruithe cúinsí, amhail filleadh ar fhostaíocht, mí-oiriúnacht na n-oícheanta, obair bhreis agus gealltanais phearsanta, daoine ag bogadh ó Bhaile Átha Cliath agus ballraíocht i líonra níos dírithe (líonra earnála srl.) agus tháinig baill nua isteach ina n-áit.

Tháinig na baill nua go príomha trí BFCBÁC, trí chairde agus theagmhálaithe gnó bhaill an líonra agus trí na hIonaid Fiontraíochta. D'fhreastail an chuid is mó ball ar thart ar 4 ócáid ach chuir cúrsaí oibre agus sceidil eile bac orthu freastal ar bhonn rialta. Fuarthas aiseolas dearfach faoi na hócáidí agus sa chumarsáid leis na baill agus lean na baill dá mbuíochas a chur in iúl as achoimrí ócáidí agus nuacht eile a bheith seolta amach chucu go rialta mar ríomhphost. Ar mhaithe le hathnuachan ballraíochta a spreagadh, dáileadh liosta de na daoine go léir a bhí cláraithe le freastal ar gach ócáid, ina ndearnadh idirdhealú soiléir idir "Baill" agus "Cuairteoirí". Chláraigh céatadán méadaithe ball ar líne agus gabhadh an t-eolas go léir ag bhí ag teastáil chun próifilí na mball a chruthú leis an bhfoirm ar líne.

Gnáthsheisiún beoga ag Líonra Ban Bhaile Átha Cliath

Bhí na hócáidí dírithe ar mheascán a bhaint amach, ina raibh soláthar eolais úsáidigh agus bhaintigh (mar shampla, Ceisteanna Dlíthiúla agus Díol Éifeachtach), cainteanna spreagtha (Éirim Mhothúchánach agus Cumhacht na hIntinne), cainteanna de chuid fiontraithe rathúla

(Tanya Airey agus Joan Bree), chomh maith le hócáidí líonraithe (Meitheamh agus Nollaig). Bhí méid áirithe líonraithe i gceist le gach ócáid agus spreagadh na baill go leanúnach chun na hócáidí a úsáid go gníomhach chun a líonra a leathnú agus chun leas a bhaint as taithí daoine eile, trí phlé grúpa agus trí líonrú duine le duine. Bhí na hócáidí a bhain le líonrú amháin á reáchtáil i gcomhar le líonraí LINK! agus Plato agus bhí na hócáidí seo ina ndeis iontach do bhaill a líonraí a leathnú. D'fhreastail cuid mhaith daoine ar an dá ócáid agus bhí cainteoirí ann a thug noid faoi líonrú.

3.6.2. An Gréasán TFC BRITE

An Clár BRITE: Tá an clár seo, atá á reáchtáil i gcomhar leis na Boird Fiontar Contae agus Cathrach eile agus FÁS, tá sé le haghaidh micrea-ghnólachtaí san earnáil TFC, trí oiliúint agus trí mheántóireacht. Seoladh modúil oiliúna Chlár 1 ar 19 SamhainSoláthraíodh trí mhodúl oiliúna i rith 2008.

3.6.3. Gréasán PLATO Bhaile Átha Cliath

Is líonra agus clár oiliúna tábhachtach é Plato do dhaoine gnó atá páirteach i ngnó le trí bliana anuas nó níos mó. Tacaíonn Bord Fiontar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na BFCanna eile atá bunaithe i mBaile Átha Cliath le Líonra Plato i mBaile Átha Cliath.

Bíonn cláir Plato á reáchtáil ar feadh tréimhse 3 bliana, ina mbíonn grúpaí gnólachtaí á n-éascú ag feidhmeannaigh ó chomhlachtaí móra. Tá 65 cliant de chuid BFCBÁC ag freastal ar chlár na linne, 2007-2009, agus d'fhreastail 170 cliant ar chláir eile a bhí ar siúl le déanaí. Fuarthas amach le suirbhé ar na daoine a bhí ag freastal ar an gclár reatha, gur mheas 82% acu go raibh an clár 'go maith nó níos fearr' ná mar a bhí siad ag súil leis. Tá na rannpháirtithe go léir 'fonnmhar a naisc le Plato a choinneáil' agus mholfadh 73% acu an clár do dhaoine eile.

Tábla 7. ACHOIMRE OILIÚNA LÍONRA PLATO I MBAILE ÁTHA CLIATH 2008

DÁTA	ÁBHAR
30ú. Eanáir	Bainistiú Ama
21ú. Feabhra	Do Ghnó á Chur Chun Cinn
8ú agus 22ú Márta,. 3ú. 19ú. agus 25 Aibreán	Scileanna Oifig Tosaigh
22ú. Feabhra15ú. agus 29ú. Márta; 18ú. Aibreán10ú. Bealtaine	Anailísiú ar do Ghnó agus a Fheidhmíocht a mhéadú
7ú. Márta;	Feabhas á chur ar Rialú Airgeadais do Ghnólachta:
22ú. Márta;	Pleanáil Gnó & Deiseanna Gnó Nua a nAithint
19ú. Aibreán	Scileanna Díolacháin & Próiseas an Díolacháin
3ú. Bealtaine	An Chaoi le go mbeidh d'Fhoireann níos Táirgiúla
17ú. Bealtaine	Na Cuntais á dTuiscint
22ú. Bealtaine	Cúram do Chustaiméirí/An rud atá de dhíth ar an gCustaiméir a Thuiscint
30ú. Bealtaine	Scileanna Láithreoireachta
13ú. Meitheamh	Plean Margaíochta á Chruthú
13ú. Meán Fómhair	Dlí Fostaíochta/ Sláinte agus Sábháilteacht

2ú. , 16ú. agus 30ú. Deireadh Fómhair. 13ú. Agus 27ú. Samhain	Máistir-rang Margaíochta - 6 mhodúl agus Plean Margaíochta ag eascairt as
20ú. Meán Fómhair	Árachas agus Pinsin
27ú. Meán Fómhair	Cánachas
3ú. Deireadh Fómhair.	An Fhoireann agus na Daoine
24ú. Deireadh Fómhair.	Ócáid Líonraithe Chonair Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt de Plato
8ú. Samhain	Margaíocht Ar Líne trí Chainéil Nua
22ú. Samhain	Bainistiú Strus agus Cothromaíocht idir an Obair agus an Saol

ROINN 4

4. CÚNAMH AIRGEADAIS

Ceadaíodh cúnamh airgeadais iomlán €1,024,422, rud a chuir ar chumas an Bhoird 64 tionscadal a mhaoiniú agus a chabhraigh le 146 post a chruthú. As an méid sin, tá €474,000 (or 46.3%) inaisíoctha.

4.1. Íocaíochtaí Deontais

Tábla 8. ACHOIMRE AR NA DEONTAIS A CEADAÍODH LE HAGHAIDH 2008

An Cineál Deontais	Fir	Mná	Iomlán
Beart 1 (M1) Post	83	63	**146**
Féidearthacht	€56,452	€32,470	€88,922
Caipiteal/Caipiteal inaisíoctha	€368,000	€155,000	€523,000
Fostaíocht	€167,500	€55,000	€222,500
Scaireanna Tosaíochta	€190,000	€0	€190,000
Iomlán an chúnaimh M1	**€781,952**	**€242,470**	**€1,024,422**
Beart 2 (M2)	32	28	**60**
Suíomh Gréasáin	€34,007	€38,465	€72,472
Easpórtáil	€25,353	€29,070	€54,423
Iomlán an chúnaimh do M2	**€52,262**	**€63,500**	**€115,762**
Iomlán na Tacaíochta Airgeadais	**€834,214**	**€305,970**	**€1,140,184**

Tábla 9. ACHOIMRE AR DHEONTAIS agus IASACHTAÍ a CHEADAIGH BORD FIONTAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH i rith 2008

Tag	Ainm	Cineál	Ceadaithe
9004955	Ionad Fiontraíochta Thír an Iúir	Caipiteal inaisíoctha	75000.00
9005798	Carla Daly	Fostaíocht	5000.00

9004989	Chris Maher	Fostaíocht	7500.00
9005813	Denver Thomas	Fostaíocht	15000.00
9005814	Johnny Cosgrove	Féidearthacht	4900.00
9004736	Pamela / Evelyn Coyle	Féidearthacht	3650.00
9005131	M Craven / S Kenny	Fostaíocht	7500.00
9004785	C Traynor / A Kaufmann	Fostaíocht	10000.00
9005800	G Foskin / D Treanor	Fostaíocht	7500.00
9005359	Tom Shields	Féidearthacht	5100.00
9000488	Cathy O' Connor	Féidearthacht Tag.	4000.00
9005322	Ron Immink	Féidearthacht	2750.00
9005848	Mattie Doody	Fostaíocht	7500.00
9005838	Mags Corbett	Féidearthacht Caipiteal	5100.00
9005844	Fergal Ward	Inaisíoctha	9000.00
9004853	Lisa Shagwi	Fostaíocht	7500.00
9005847	Francis Kiernan	Féidearthacht	2540.00
9005799	Glenn Kelly	Féidearthacht	2500.00
9005849	Nicky Wallace	Fostaíocht	7500.00
9005873	Isam Khalaf	Fostaíocht Caipiteal	7500.00
9004526	David Coffey	Inaisíoctha	17500.00
9005876	Faye Roche Garland	Féidearthacht	5100.00
9005872	Val Cassidy	Fostaíocht	15000.00
9001899	Ali Loughney	Féidearthacht	2540.00
9005879	Donal Burke	Féidearthacht	2800.00
9005874	A Burke / E Dunne	Fostaíocht	7500.00
9005878	Mary Donnelly	Féidearthacht Scaireanna	3000.00
9004705	Tom Shanahan	Tosaíochta Scaireanna	75000.00
9004611	Philip Cassidy	Tosaíochta Caipiteal	75000.00
9005927	Audrey Gargan	Inaisíoctha Caipiteal	50000.00
9005926	Norman McInerney	Inaisíoctha	75000.00
9005922	James Kennedy	Féidearthacht	5100.00
9005075	Keith McDonnell	Fostaíocht	7500.00
9003796	Brian Wickham	Fostaíocht	7500.00
9005925	Stephen Kennedy	Féidearthacht Caipiteal	2540.00
9005961	T Burke & S O' Neill	Inaisíoctha	75000.00
9005946	Geraldine & Nole McgLynn	Féidearthacht	2540.00
9004970	Barry Smith	Féidearthacht	4050.00
9005899	Jason Curry	Fostaíocht	7500.00
9005945	Shane McGlynn	Féidearthacht	5100.00
9005942	Cormac Walsh	Fostaíocht Caipiteal	7500.00
9005940	Rossa Crowe	Inaisíoctha	41500.00
9005811	Youenn Bothorel	Fostaíocht	7500.00
9005995	Brendan Phelan	Féidearthacht	4750.00
9006011	Seamus McKenna	Féidearthacht	2540.00
9005906	Damhan Nagle	Fostaíocht	7500.00
9006000	Gerard Farrell	Féidearthacht	4122.00

9005994	Emmanuelle Marion	Fostaíocht	7500.00
9006038	Niall Devine	Scaireanna Tosaíochta	40000.00
9006032	Umberto di Venosa	Fostaíocht	7500.00
9005865	Fergal Madden	Fostaíocht	7500.00
9006014	Susna William Michael Kelly	Féidearthacht	4000.00
9006039	Debbie Paul	Fostaíocht	7500.00
9000234	Quality First	Caipiteal Inaisíoctha	75000.00
9006066	Gerry Malone	Fostaíocht	7500.00
9005230	Alison Conneely	Fostaíocht	7500.00
9006079	Barry Redmond	Féidearthacht	5100.00
9006077	Jim Joyce	Caipiteal Inaisíoctha	75000.00
9006076	Agata Stoinka	Caipiteal	20000.00
9005780	Titta Jones	Fostaíocht	7500.00
9006011	Seamus McKenna	Fostaíocht	15000.00
9006075	Anna De Courcy	Caipiteal	10000.00
9006074	Conor McNally	Féidearthacht	5100.00
9005834	Michael Bialek	Fostaíocht	5000.00
			1,024,422.00

Tábla 10. ACHOIMRE AR DHEONTAIS DO SHUÍOMHANNA GRÉASÁIN A CEADAÍODH I 2008

Tag Ceadaithe	**Ainm**	
9005822	Shane Ryan	1500.00
9005826	Malachy Browne	2000.00
9005837	Niall Harbison	1000.00
9005813	Denver Thomas	2000.00
9005838	Mags Corbett	2000.00
9005345	Alan Hudson	1000.00
9005800	Gerard Foskin	2144.00
9005410	Isam Khalaf	2000.00
9005410	Clare Grennan & Laura Caffrey	2500.00
9005224	Jennylynd James	1400.00
9004965	Matthew Kirwan	2500.00
9002626	Breda Haugh	2475.00
9005924	Orla Aaron	2500.00
9005091	Lisa O Riordan	1250.00
9005844	Miranda Driscoll & Fergal Ward	1340.00
9005929	Emma Colleary	2500.00
	Larkin Centre	2500.00
9005225	Darren Ryan	500.00

9005870	Liz Gill	2000.00
9005006	Barry O' Donnell	2000.00
9006007	Helen Dineen Murray	2000.00
9005932	Pamela Quinn	1000.00
9005998	Derek Richardson	2000.00
9005994	Emmanuelle Marion	2000.00
9001899	Ali Loughney	2000.00
9006002	Breda Aherne	2000.00
9005213	Colm O' Snodaigh	2000.00
9004970 (ii)	Barry Smith	2250.00
9006051	Jennifer Pepper	2500.00
9006053	Arran Murphy	1960.00
9006054	Michael Howard	2350.00
9005220	Derek Young	2500.00
9005647	Abie Philbin Bowman	478.00
9005249	Zoe Clark	2500.00
9006009	Sinead Deegan	2500.00
9006057	Ger O Shaughnessy	1,325.00
9006058	L Mc Neela & C Connolly	2,500.00
9006078	Rosie O Reilly	1,500.00
		72,472.00

Tábla 11. ACHOIMRE AR DHEONTAIS ONNMHAIRITHE A CEADAÍODH I RITH 2008

Tag	**Ainm**	**Ceadaithe**
9005089	Juan Pablo Gelis	2000.00
9005126	Peter O Connell	1680.00
9005133	John Kennedy	2000.00
9000310	Colm De Ris	1735.00
9005813	Denver Thomas	2000.00
9005849	Nicky Wallace	2000.00
9005247	Karen Bolger	2000.00
9005373	Paul Mc Avinchey	3000.00
9005909	Lucy Downes	3000.00
9005091	Lisa O Riordan	4000.00
9005923	Fergal Downey	3000.00
9000468	Brenda Aherne	2000.00
9005119	Yvonne Ryan	2000.00
9005932	Pamela Quinn	3000.00
9004872	Roger Bennett	1475.00
9004636	Jennifer Rothwell	5000.00
9006037	Tim Duggan	3400.00
9005800 (ii)	Gerard Foskin	2,098.00
9003891 (ii)	Ciara Garvey	4,035.00
9000845	Eoin Mc Donnell	5,000.00
		54,423.00

Ω